AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2025
COM(2025) 549 final

2025/0222 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear an clár Erasmus+ don tréimhse 2028–2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888

{SWD(2025) 550-551} - {SEC(2025) 547}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Cúiseanna agus cuspóirí

Comhthéacs an bheartais

Is iad an t-oideachas, an oiliúint, an óige agus an spórt an infheistíocht is láidre atá ag an Aontas i gcaipiteal daonna, scileanna a chothú, naisc a chothú ar fud na hEorpa, agus ar an gcaoi sin an bonn a leagan síos d'Aontas Eorpach athléimneach agus comhtháite, ina mbeidh na scileanna agus na hinniúlachtaí cearta ag saoránaigh ón aois is luaithe, agus a ghlacann le féiniúlacht Eorpach chomhroinnte ina héagsúlacht uile. Spreagann siad freisin an chothroime shóisialta, an rathúnas inbhuanaithe agus an t-iomaíochas agus is príomh-rannchuiditheoirí iad le go leor de thosaíochtaí polaitiúla foriomlána an Aontais amhail ullmhacht agus an dá aistriú.

Léiríodh tábhacht an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt do thodhchaí na hEorpa i gclár oibre beartais agus i dtuarascálacha straitéiseacha an Aontais le déanaí.

Le Clár Oibre Straitéiseach cheannairí an Aontais don Eoraip 2024–2029[1], tugtar tús áite don infheistíocht i scileanna, san oiliúint agus san oideachas, agus aithnítear ann, i ré ina bhfuil an iomaíocht dhomhanda mar aon le héagsúlachtaí polaitiúla agus sóisialta ag dul i ndéine, go bhfuil an t-oideachas ina fhórsa aontaitheach agus gurb é an bhunchloch é ar gá don Eoraip a neamhspleáchas straitéiseach, a neart eacnamaíoch, a daonlathas agus a comhtháthú a fhorbairt uirthi.

I dtreoirlínte polaitiúla 2024–2029, tugann an tUachtarán von der Leyen chun suntais gur gá 'athrú céime radacaí a dhéanamh ar an uaillmhian agus ar an ngníomhaíocht — ar mhaithe le gach leibhéal scileanna agus le haghaidh gach cineáil oiliúna agus oideachais. Tá sé sin chomh tábhachtach céanna do ghairmeacha agus d'ionchais daoine agus atá sé dár n-iomaíochas.' Thairis sin, gheall an tUachtarán 'Aontas Scileanna a bhunú[2] — trí dhíriú ar infheistíocht, ar fhoghlaim aosach agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil, ar choinneáil scileanna agus ar aitheantas do chineálacha éagsúla oiliúna chun cur ar chumas daoine oibriú ar fud an Aontais seo againne', agus 'Erasmus+ a neartú, lena n-áirítear le haghaidh na gairmoiliúna ionas gur féidir le níos mó daoine tairbhe a bhaint as. Tá sé sin ríthábhachtach do dhaoine chun scileanna a fhorbairt agus taithí chomhroinnte agus tuiscint níos fearr ar a chéile a chruthú. Beidh sé sin mar chuid de ghealltanas níos leithne chun níos mó saoirse agus freagrachta a thabhairt do dhaoine óga laistigh dár sochaithe agus dár ndaonlathais.' Thiomnaigh sí 'leanúint de bheith ag obair i dtreo Céim Eorpach'. Chuir an tUachtarán i bhfios go láidir freisin gur mian léi a chinntiú 'gur féidir le daoine óga a nguth a úsáid - a nguth féin — chun cabhrú lenár dtodhchaí a mhúnlú.'

Sa Rún uaithi an 16 Eanáir 2024 maidir le cur chun feidhme chlár Erasmus+, chuir Parlaimint na hEorpa[3] i bhfios go láidir go raibh 'an clár ina cheann feadhna don Limistéar Eorpach Oideachais agus gur cheart dó leanúint de bheith ag freagairt do threochtaí san oideachas

---

[1] Clár oibre straitéiseach 2024–2029, an Chomhairle Eorpach an 27 Meitheamh 2024 (https://www.consilium.europa.eu/media/4aldqfl2/2024_557_new-strategic-agenda.pdf).

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Aontas na Scileanna (COM(2025) 90 final.)

[3] Cur chun feidhme chlár Erasmus+ 2021–2027, (2023/2002(INI)), https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2024-0007_EN.html

amach anseo chun coinneáil suas le hathruithe sochaíocha agus teicneolaíocha' agus 'go bhfuil an clár ríthábhachtach chun muintearas Eorpach a chothú'.

Sa dá phríomhthuarascáil ina dtugtar anailís chríochnúil agus léargas críochnúil ar thodhchaí an Aontais Eorpaigh, i dtuarascáil Letta[4] agus i dtuarascáil Draghi[5], leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh san oideachas agus i scileanna, lena n-áirítear ról lárnach Erasmus+. Ina theannta sin, thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil ó Sauli Niinistö[6] go bhfuil athléimneacht gheilleagar agus shochaithe an Aontais, go háirithe in earnálacha atá ríthábhachtach chun cobhsaíocht shochaíoch agus eacnamaíoch a chothabháil, amhail an t-oideachas, ríthábhachtach i bhfianaise géarchéimeanna mórscála a d'fhéadfadh a bheith ann, amhail coinbhleachtaí míleata agus tubaistí.

Tá clár Erasmus+ fite fuaite san uaillmhian sa Teachtaireacht maidir le hAontas na Scileanna[7] an 5 Márta 2025 chun córais oideachais, oiliúna agus scileanna atá ar ardcháilíocht, cuimsitheach agus inoiriúnaithe a fhorbairt chun iomaíochas an Aontais a mhéadú, agus an Limistéar Eorpach Oideachais, ar príomhchumasóir de chuid Aontas na Scileanna é. Leis sin, leagfar an bonn d'fhoirmiú scileanna ar feadh an tsaoil agus cuirfear fíorspás coiteann ar fáil d'oideachas ardcháilíochta cuimsitheach agus d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil thar theorainneacha.

Cuireadh tacaíocht chistiúcháin AE ar fáil trí chláir éagsúla thar na blianta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a mbíonn tionchar acu ar scileanna, ar oideachas, ar oiliúint, ar an óige, ar obair dheonach agus ar an spórt. I gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021–2027, cuireadh tacaíocht ar fáil go príomha trí Erasmus+, tríd an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, trí Chiste Sóisialta na hEorpa+, tríd an gCreat um Thaighde agus um Nuálaíocht, Fís Eorpach. Is é is aidhm don togra le haghaidh an chéad CAI eile aghaidh a thabhairt ar chastachtaí, laigí agus dolúbthacht atá in ionstraimí cistiúcháin foriomlána an Aontais faoi láthair le buiséad fadtéarmach a bheidh níos dírithe, níos simplí, ina mbeidh níos lú clár agus a mbeidh tionchar níos mó acu.

Cúiseanna le dúshláin/fadhbanna

Tá dúshláin mhóra roimh an Aontas i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, chomh maith leis an óige agus an spórt. Tá gá ag an Eoraip le daoine a bhfuil na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha acu, don saol agus do phoist, don fhás pearsanta agus do gheilleagar agus sochaí níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos digití. Tá sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt na scileanna sin chun Eoraip rathúil, chomhtháite agus iomaíoch a áirithiú. Sa lá atá inniu ann, bíonn deacrachtaí ag córais oideachais agus oiliúna íosleibhéal inniúlachta bunscileanna a chur ar fáil do dhaoine agus na hardinniúlachtaí agus na scileanna boga is gá a chothú, ag gach céim den saol. Beidh sealbhú scileanna agus inniúlachtaí idirdhisciplíneacha amhail solúbthacht, athléimneacht, comhbhá, muinín, oscailteacht, smaointeoireacht chriticiúil, litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin agus obair bhuíne chomh tábhachtach céanna chun daoine aonair a chumhachtú chun athrú a spreagadh, rath a bheith orthu i ndomhan atá ag athrú go tapa agus rannchuidiú le meabhairshláinte agus folláine níos fearr. Cuireann na scileanna sin leis an infhostaitheacht freisin agus cuidíonn siad le hathléimneacht na sochaí a neartú agus le hEoraip níos láidre a thógáil, a bheidh in ann aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna ar bhealach níos fearr. Tá an Eoraip chun deiridh ó

4 I bhfad níos mó ná margadh, Enrico Letta, Aibreán 2024.

5 Todhchaí iomaíochas na hEorpa: Tuarascáil ó Mario Draghi, Meán Fómhair 2024.

6 Safe Together — Strengthening Europe's Civil and Military Preparedness and Readiness, Sauli Niinistö, 2024.

7 Aontas na Scileanna, COM(2025) 90 Final.

thaobh bunscileanna[8] de agus tá an ráta tearcghnóthachtála méadaithe den chuid is mó sa mhatamaitic (-18 bpointe), sa léitheoireacht (-12) agus san eolaíocht (-3,4) i gcomparáid leis an gclár ECFE roimhe seo um measúnú daltaí (PISA) in 2018. Ní ghineann an tAontas dóthain céimithe oilte ón ardoideachas ná ón ngairmoideachas, agus tuairiscíonn beagnach ceathrar as gach cúigear fostóirí go bhfuil deacrachtaí acu oibrithe a bhfuil na scileanna cearta acu a aimsiú.[9] Ar an iomlán, tá méadú ag teacht ar ghanntanais saothair agus scileanna i ngach Ballstát, rud a bhfuil tionchar aige ar chumas an Aontais glacadh leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus ar a iomaíochas. Tá éagothromaíochtaí fós ann ar fud an Aontais maidir le leibhéal agus rochtain ar oideachas foirmiúil agus seachfhoirmiúil cuimsitheach ardcháilíochta, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le ceantair thuaithe agus iargúlta, rud a chuireann le héagothromaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus críochacha. Ina theannta sin, tá bearnaí inscne fós ann, agus beagnach a dhá oiread fear ná mná ag staidéar eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM).

Is léir gur gá aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin a bhaineann le scileanna agus timpeallacht chumasúcháin a chruthú lena gcuirfear torthaí foghlama níos fearr chun cinn do chách ó aois óg agus lena gcuirfear foghlaimeoirí ar bun chun go n-éireoidh leo san fhadtéarma.

Braitheann uathriail straitéiseach agus iomaíochas an Aontais freisin ar a chumas tallann a chothú, a mhealladh agus a choinneáil, go háirithe in aghaidh na hiomaíochta domhanda. Ní mór don Aontas tosaíocht a thabhairt freisin d'fhorbairt an oideachais d'fhonn ardscileanna a fhorbairt, lena n-áirítear scileanna digiteacha, teicniúla agus idirdhisciplíneacha.

Téann dúshlán na scileanna níos faide ná cúinsí eacnamaíocha amháin agus tugann sé aghaidh ar an ngá atá le sochaí shláintiúil, athléimneach, rannpháirteach, aontaithe agus ullmhaithe. Beidh sé ríthábhachtach scileanna agus inniúlachtaí don saol a thabhairt do dhaoine aonair ó aois óg ar aghaidh, rud a chuirfidh ar a gcumas dul i ngleic leis an domhan casta atá ag athrú go tapa ina mairimid, páirt a ghlacadh sa tsochaí agus i bpróisis dhaonlathacha agus ról gníomhach a ghlacadh iontu. Tá laghdú géar tagtha ar chreideamh daoine óga i gcomhdheiseanna, agus tá titim 16 phointe céatadáin ann le deich mbliana anuas[10]. Mothaíonn go leor daoine imeallaithe mar gheall ar a stádas socheacnamaíoch, a dtionscnamh eitneach, a n-inscne, a ngnéaschlaonadh, a míchumas nó a dtuairimí polaitiúla, go háirithe iad siúd ar lú na deiseanna atá acu nó iad siúd atá ina gcónaí i gceantair thuaithe nó iargúlta, agus tá 24 % (gar do 18 milliún) de dhaoine óga i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas; Tá 11 % de dhaoine óga idir 15 agus 29 mbliana d'aois nach bhfuil fós i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna. Cuireann an easpa tithíochta inacmhainne leis an leochaileacht sin, rud a chuireann teorainn leis an rochtain atá ag daoine óga ar dheiseanna oideachais agus soghluaisteachta foghlama.

Is gnách le daoine óga páirt níos lú a ghlacadh i bpolaitíocht institiúideach agus i bpróisis dhaonlathacha eile ná mar a ghlacann aoisghrúpaí eile, agus glacann siad páirt i bhfad níos lú iontu ná daoine óga san am a chuaigh thart[11]. D'fhéadfadh bacainní a bheith rompu maidir lena rannpháirtíocht sa daonlathas, amhail eolas neamhleor ar a gcearta daonlathacha, deacrachtaí rochtana ar fhaisnéis agus rannpháirtíocht theoranta i bpróisis chinnteoireachta. Is

---

8 Cuirtear i dtábhacht i dtuarascáil PISA 2022 feidhmíocht oideachais atá ag dul in olcas agus neamhionannas níos doimhne | Limistéar Eorpach Oideachais.

9 Suirbhé Eorabharaiméadair, Samhain 2023, data.europa.eu.

10 Suirbhé Eorabharaiméadair FL502 maidir leis an Óige agus an Daonlathas i mBliain Eorpach na hÓige, https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/2282.

11 Staidéar ó Pharlaimint na hEorpa, 'Rannpháirtíocht na ndaoine óga i bpróisis dhaonlathacha na hEorpa — Conas rannpháirtíocht na hóige a fheabhsú agus a éascú', 2023.

féidir le hinstitiúidí agus próisis dhaonlathacha iad féin a bheith neamh-inrochtana agus gan fáilte a chur roimh dhaoine óga. Ní féidir freastal ar na dúshláin sin, lena n-áirítear ceanglais éagsúla scileanna, trí oideachas agus oiliúint fhoirmiúil amháin. Baineann luach comhlántach leis an bhfoghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí amhail obair dheonach nó spórt. Is féidir leo deiseanna luachmhara a chur ar fáil do dhaoine chun eolas, scileanna, dearcthaí agus iompraíochtaí a fhorbairt chun fás agus a bheith ina saoránaigh ghníomhacha rannpháirteacha. Mar sin féin, tá na deiseanna le haghaidh gníomhaíochtaí den sórt sin teoranta, rud a imríonn tionchar diúltach ar fhorbairt caipitil shóisialta, go háirithe i measc daoine óga.

Rannchuidiú agus cuspóirí an chláir

Is féidir leis an gClár a bheidh ann amach anseo rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, trí dheiseanna foghlama do chách agus trí fhothú acmhainneachta a bhainfear amach trí chomhar agus trí thacaíocht bheartais.

Tá an tsoghluaisteacht foghlama ó aois óg i gcroílár Erasmus+. Nochtar foghlaimeoirí do thimpeallachtaí foghlama éagsúla agus difriúla, do mhodhanna nua teagaisc agus oiliúna, do shuíomhanna institiúideacha agus do chomhthéacs sóisialta éagsúil. Cuireann an taithí sin ar a gcumas do dhaoine, ní hamháin eolas araíonachta a leathnú ach scileanna smaointeoireachta criticiúla, réitigh fadhbanna agus cumarsáide a fhorbairt freisin, chomh maith le hathléimneacht, inoiriúnaitheacht, neamhspleáchas agus féinmhuinín a fheabhsú. Tá na scileanna sin an-inaistrithe chuig an saol gairmiúil, rud a mhéadaíonn an infhostaitheacht agus a chuireann le lucht saothair oilte agus iomaíoch. Maidir le baill foirne, cuireann soghluaisteacht foghlama borradh faoin bhforbairt ghairmiúil, faoin líonrú agus faoi dheiseanna comhair agus bíonn cleachtais teagaisc ar ardchaighdeán feabhsaithe mar thoradh uirthi. Tá sé sin ríthábhachtach go háirithe i dtimpeallacht oideachais an lae inniu inar gá gairmeacha teagaisc ar gach leibhéal a dhéanamh níos tarraingtí agus forbairt ghairmiúil leanúnach a spreagadh.

Is é an sprioc atá ann soghluaisteacht foghlama a chur i gcrích do chách, a luaithe is féidir, a áirithiú go mbeidh deiseanna inrochtana ar fud earnálacha uile an oideachais agus na hoiliúna agus san óige agus sa spórt, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle ‘An Eoraip ag Gluaiseacht — Deiseanna foghlama do chách’[12]. Cuideoidh gníomhaíocht an Aontais le haghaidh a thabhairt ar na bacainní ar shoghluaisteacht, le cistiú leordhóthanach agus bearta tacaíochta a chur ar fáil chun an éagsúlacht a chur chun cinn agus le rochtain chomhionann a áirithiú do dhaoine aonair, gan beann ar a gcúlra cultúrtha, sóisialta, eacnamaíoch nó geografach, nó ar aon riachtanais speisialta a d’fhéadfadh a bheith acu.

Trí bhorradh a chur faoin tsoghluaisteacht agus faoi bhearta tacaíochta tionlacain, ba cheart do Erasmus+ a bheidh ann amach anseo a rannchuidiú leis an gcúigiú scil bhunúsach den tsaoránacht dhaonlathach agus le braistint féiniúlachta Eorpaí agus tiomantas do luachanna an Aontais a fhorbairt. Is clár bunúsach é chun rannpháirtíocht dhaonlathach agus shochaíoch a chur chun cinn, trí shaoránacht agus rannpháirtíocht a chomhtháthú i réimsí uile an Chláir, go háirithe oideachas scoile, ailíniú níos fearr le tosaíochtaí nua amhail ullmhacht, agus leas iomlán a bhaint as acmhainneacht réimse an spóirt, go háirithe trí ghníomhaíochtaí soghluaisteachta i réimse an spóirt a leathnú chun lúthchleasaithe a rannpháirtiú in éineacht le cóitseálaithe.

[12] Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2024 ‘An Eoraip ag Gluaiseacht’ — deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách (IO C, C/2024/3364, 14.6.2024).

Trí dheiseanna agus gníomhaíochtaí saorálaíochta a thairiscint chun dlúthpháirtíocht a spreagadh agus a chur in iúl, cuirfidh an Clár forbairt cultúir dlúthpháirtíochta, cúraim agus tuisceana chun cinn i measc na saoránach, go háirithe na glúnta is óige, agus rannchuideoidh sé le cuimsiú sóisialta agus comhtháthú sóisialta a chur chun cinn. Chun dlúthpháirtíocht a fhorbairt le daoine atá i ngátar i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad, áirítear sa togra seo freisin an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil, le tacaíocht ón gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach faoin gclárthréimhse 2021–2027. Tacaíonn an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil le gníomhaíochtaí saorálaíochta in oibríochtaí fadtéarmacha iar-ghéarchéime maidir le cabhair dhaonnúil agus comhar um fhorbairt, arb é is aidhm dóibh fulaingt an duine a chosc agus a mhaolú, dínit mharthanach an duine a choinneáil, ullmhacht do thubaistí agus laghdú rioscaí tubaiste a threisiú, fóirithint, athshlánú agus forbairt a nascadh agus rannchuidiú le hathléimneacht agus cumas pobal leochaileach nó pobal atá buailte le tubaistí a neartú chun dul i ngleic le géarchéimeanna agus chun teacht astu.

Ba cheart don Chlár tacú freisin le mic léinn páirt a ghlacadh in earnálacha criticiúla agus leanúint de bhorradh a chur faoin nuálaíocht agus faoin mbarr feabhais i gcórais oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt i réimsí straitéiseacha, aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna agus tallainne na hEorpa, agus an tAontas a dhéanamh níos tarraingtí mar cheann scríbe do thallann an Aontais agus do thallann an domhain.

Tá sé ríthábhachtach tacú le comhar trasnáisiúnta agus idirnáisiúnta agus é a éascú idir eagraíochtaí i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhfuil tuairisc orthu thuas, chun cur ar a gcumas d'eagraíochtaí saineolas a chomhthiomsú agus chun láidreachtaí comhlántacha nach bhfuil ar fáil in aon institiúid aonair a chomhcheangal. Spreagann comhar trasteorann idir eagraíochtaí oideachais agus oiliúna, óige agus spóirt an fhoghlaim fhrithpháirteach is gá agus malartuithe dea-chleachtas. Éascaíonn sé líonrú freisin, rud a chuireann ar chumas na n-eagraíochtaí agus a bhfoirne taithí a fháil ar chineálacha cur chuige agus modheolaíochtaí nua agus a gcumas féin a mhéadú chun teagasc, oiliúint agus foghlaim ar ardchaighdeán a sholáthar. Chun éifeachtacht a ghníomhaíochta sa réimse seo a mhéadú, ba cheart leis an gClár fócas a ghníomhaíochtaí comhair a bheachtú, lena n-áirítear trí athbhreithniú a dhéanamh ar shamhlacha cistiúcháin, ábharthacht na spriocghrúpaí lena mbaineann a ardú agus díriú níos fearr ar fhothú acmhainneachta a mhéadú agus ar cháilíocht a ardú. Ba cheart don Chlár a thacaíocht don chomhar in earnáil na scoile a threisiú trí thacú le comhghuaillíochtaí scoile, trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar chomhar agus ar shoghluaisteacht agus trí leanúint de dheiseanna a chur ar fáil lena gcumasaítear leathadh amach lipéad na céime Eorpaí agus céim chomhpháirteach Eorpach a d'fhéadfadh a bheith ann chun tacú leis an méadú ar líon na gclár staidéir comhpháirteach trasnáisiúnta.

Leis an gClár, cumasófar comhar breise trasnáisiúnta straitéiseach fadtéarmach ar an leibhéal institiúideach faoi phríomhthionscnaimh shuaitheanta, a fheidhmeoidh mar ionaid tástála le haghaidh ionstraimí nuálacha lena ndoimhneofar naisc leis an earnáil phríobháideach agus lena spreagfar tionchar agus claochlú inbhuanaithe. Trí thacaíocht inbhuanaithe agus stiúradh straitéiseach soiléir a sholáthar, tabharfaidh comhpháirtíochtaí le haghaidh barr feabhais agus nuálaíochta aghaidh go díreach ar thosaíochtaí beartais nua a eascraíonn as Aontas na Scileanna, as an gCompás Iomaíochais[13], as an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan[14], agus as an Straitéis Ullmhachta[15].

[13] Teachtaireacht 'Compás iomaíochais don Aontas Eorpach', COM(2025) 30.

Tacóidh an Clár le forbairt beartas ar an leibhéal Eorpach, rud a chuideoidh le beartais a mhúnlú lenar féidir nuachóiriú agus athchóirithe a spreagadh, ar leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus córas, i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, chomh maith leis an óige agus an spórt. Is féidir leis rannchuidiú le forbairt agus cúrsaíocht scileanna, lena n-áirítear trí scéim tacaíochta bunscileanna a bhunú agus trí bhorradh a chur faoi dhearbhú cáilíochta, trédhearcacht, aitheantas scileanna, inniúlachtaí agus cáilíochtaí, digitiú na scileanna sin, agus bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, bainistiú scileanna agus treoir. Ba cheart don Chlár an tionchar, an scála, an inrochtaineacht agus an inbhuanaitheacht a mhéadú freisin, go háirithe trí shineirgí a threisiú le cláir agus ionstraimí cistiúcháin AE eile amhail an chéad chlár réime eile de chuid an Aontais um thaighde agus um nuálaíocht, Fís Eorpach, an Ciste Eorpach Iomaíochais, an Eoraip Dhomhanda, chomh maith leis na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnacha faoin gcéad CAI eile.

Is gné bhunúsach agus trasearnála í an ghné idirnáisiúnta den Chlár atá ábhartha le haghaidh foghlama, comhair agus idirphlé beartais. Is gá, go háirithe, tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha a thabhairt níos gaire dá sprioc a bheith ina mBallstát den Aontas trína rannpháirtíocht sa Chlár agus lena n-áirítear trína gcomhlachas le príomhthionscnaimh de chuid an Aontais amhail an Limistéar Eorpach Oideachais agus Aontas na Scileanna a éascú. Is gá freisin tacú le tosaíochtaí ionstraimí eile amhail an Eoraip Dhomhanda, go háirithe i ndáil leis an straitéis Global Gateway.

Ba cheart an Clár a shimpliú agus a dhéanamh níos inrochtana do phobal níos leithne, lena n-áirítear eagraíochtaí beaga a bhfuil níos lú taithí acu, go háirithe trí dheireadh a chur le roinnt dúshlán trí mhodh bainistíochta roinnt gníomhaíochtaí a athrú, agus iad a thabhairt níos gaire don réimse. Beidh an Clár níos ábhartha, níos tarraingtí agus níos cuimsithí, agus béim á leagan ar fhoghlaimeoirí ar lú na deiseanna atá acu a shroicheadh le bearta breise chun a rannpháirtíocht agus a ngníomhaíochtaí a éascú a oireann níos fearr dá riachtanais.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana**

Tá an togra ailínithe go hiomlán le **hAontas na Scileanna**, straitéis uileghabhálach lena ndírítear ar infheistíocht, ar fhoghlaim aosach agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil, ar ghairmoideachas agus gairmoiliúint, ar choinneáil agus aitheantas scileanna, agus ar fhaisnéis scileanna a fheabhsú. Leagtar amach ann an creat le haghaidh chomhar an Aontais i mbeartais oideachais agus scileanna, lena dtacaítear le caipiteal daonna an Aontais a fhorbairt chun a iomaíochas a neartú. Tacaíonn an togra le hAontas na Scileanna trína chuspóirí a bhaint amach, lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta maidir le Bunscileanna agus an Plean Straitéiseach um Oideachas ETIM. Is é is aidhm dóibh sin bunscileanna a fheabhsú, deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur ar fáil, agus na scileanna agus na buanna is gá i ngeilleagar na hEorpa a mhealladh agus a choinneáil. Ina theannta sin, tacóidh an Clár le cur chun feidhme an **chomhair straitéisigh Eorpaigh fhoriomláin san oideachas agus san oiliúint**, lena n-áirítear **a chláir oibre earnála bhunúsacha** i réimsí an oideachais scoile, an oideachais aosaigh, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus an ardoideachais.

Tá an togra comhsheasmhach le cuspóirí **an Limistéir Eorpaigh Oideachais**, lena leagtar síos an bunús le haghaidh foirmiú scileanna ar feadh an tsaoil agus lena dtacaítear le comhar agus piarfhoghlaim idir tíortha. Cuireann an Limistéar Eorpach Oideachais oideachas agus oiliúint chuimsitheach ardcháilíochta do chách chun cinn, éascaíonn sé aitheantas

[14] Teachtaireacht dar teideal ‘An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú’, COM(2025) 85.

[15] Teachtaireacht Chomhpháirteach ‘maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um Ullmhacht’, JOIN(2025) 130.

frithpháirteach do thorthaí foghlama thar theorainneacha, agus tacaíonn sé le soghluaisteacht foghlaimeoirí de gach aois. Leis an **bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach**, ar cuid den Limistéar Eorpach Oideachais é, tacaítear a thuilleadh le forbairt an oideachais dhigitigh ar fud Bhallstáit an Aontais, rud a thugann na scileanna agus na hinniúlachtaí digiteacha is gá don chlaochlú digiteach do dhaoine. Tá an togra ailínithe freisin leis an Moladh ón gComhairle **'An Eoraip ag Gluaiseacht', b**loc tógála de chuid an Limistéir Eorpaigh Oideachais, chun soghluaisteacht foghlama a chumasú do chách.

Tá an togra i gcomhréir freisin le **Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh**[16], an creat beartais i réimse na hóige do 2019–2027, atá bunaithe ar cholúin na Rannpháirtíochta, an Nasctha agus an Chumhachtaithe. Is é is aidhm dó rannpháirtíocht na hóige sa saol daonlathach, rannpháirtíocht shóisialta agus shibhialta a chothú, lena n-áiritheofar go mbeidh na hacmhainní is gá ag gach duine óg chun páirt a ghlacadh sa tsochaí.

I réimse an spóirt, tá an togra ailínithe le cuspóirí **Phlean Oibre an Aontais don Spórt**[17] (2024–2027), ina leagtar amach cur chuige straitéiseach lena n-aithnítear ról an spóirt sa chomhtháthú sóisialta, lena gcuirtear an fholláine chun cinn, lena bhforbraítear pobail chuimsitheacha, lena neartaítear naisc chultúrtha, agus lena bhfeabhsaítear an dlúthpháirtíocht i measc daoine. Tugtar tús áite sa phlean oibre don tsláine, don inbhuanaitheacht agus don chuimsiú sóisialta i gcomhthéacsanna spóirt, rud a spreagann comhar trasteorann agus comhroinnt dea-chleachtas.

Rannchuideoidh an Clár le Clár Oibre 2030 le haghaidh **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe**, go háirithe le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 4 chun oideachas cuimsitheach agus cothromasach ar ardchaighdeán a áirithiú agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do chách.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tionscnamh ailínithe le tosaíochtaí beartais uileghabhálacha 2024–2029 an Choimisiúin[18], is é sin, 1) tacú le daoine, ár sochaithe agus ár samhail shóisialta a neartú; 2) ár ndaonlathas a chosaint, ár luachanna a chaomhnú; 3) rathúnas agus iomaíochas inbhuanaithe na hEorpa; 4) ré nua do Chosaint agus Slándáil na hEorpa 5) Eoraip dhomhanda agus 6) Ár gcaighdeán maireachtála a chothú: Slándáil bia, an t-uisce agus an dúlra. Rannchuideoidh sé freisin leis an gcomhtháthú sóisialta agus críochach a neartú laistigh den Aontas agus leis an gcothroime idirghlúine.

---

16 Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019–2027 (IO C 456, 18.12.2018).

17 Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (1 Iúil 2024–31 Nollaig 2027), (IO C, C/2024/3527, 3.6.2024).

18 https://commission.europa.eu/priorities-2024-2029_ga.

Sineirgí le beartais a thacaíonn le daoine, ár sochaithe agus ár samhail shóisialta a neartú

Rannchuideoidh an Clár le prionsabail **Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta**[19] a chur i bhfeidhm agus le tionscnaimh shuaitheanta an **Chláir Oibre Scileanna don Eoraip**[20] a chur chun feidhme, chun cabhrú le daoine aonair agus le gnólachtaí níos mó scileanna agus scileanna níos fearr a fhorbairt agus iad a úsáid, lena n-áirítear an Comhshocrú um Scileanna arb é is aidhm dó páirtithe leasmhara ábhartha príobháideacha agus poiblí a shlógadh agus a dhreasú chun dul i gcomhpháirtíocht le chéile agus gníomhaíocht a dhéanamh ar mhaithe le forbairt scileanna ar feadh an tsaoil. Beidh an clár i gcomhréir freisin leis an **Straitéis Eorpach maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint a bheidh ann amach anseo**, arb é is aidhm di tarraingteacht, barr feabhais agus cuimsitheacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a mhéadú. Tabharfar aird ar leith sa chlár ar **chomhionannas inscne** a chur chun cinn, mar shampla rannpháirtíocht cailíní agus ban in ETIM, lena n-áirítear tríd an gcur chuige Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta, Ealaíon agus Matamaitice (STEAM), i gcomhréir freisin leis an **Treochlár um Chearta na mBan** agus leis an **Straitéis maidir le Comhionannas Inscne**. Tabharfaidh an Clár aghaidh freisin ar dhifríochtaí maidir le rochtain agus úsáid ag grúpaí tearcionadaithe, mar chuid **d'Aontas Comhionannais**, i gcomhréir leis an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas, leis an Straitéis um Chomhionannas **LGBTIQ** , leis an **bPlean Gníomhaíochta maidir le Frithchiníochas**, agus leis an **gCreat Straitéiseach maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach**[21]. Tá an togra i gcomhréir freisin leis an **Ráthaíocht Eorpach do Leanaí**, agus le **Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh**, creat cuimsitheach chun cearta gach linbh a chosaint agus a chur chun cinn.

Sineirgí le gníomhaíochtaí lena gcosnaítear ár ndaonlathas agus lena gcaomhnaítear ár luachanna

Rannchuideoidh an Clár agus go háirithe a fhócas ar shoghluaisteacht foghlama, agus ag aois níos óige freisin, le muintearas Eorpach a fhorbairt, le tiomantas do luachanna an Aontais agus le rannpháirtíocht dhaonlathach agus shochaíoch a chur chun cinn, i gcomhréir leis an **Sciath Eorpach um an Daonlathas** atá ar na bacáin lena gcuirfear creat straitéiseach ar fáil chun an daonlathas a chosaint, a neartú agus a chur chun cinn san Aontas, agus béim á leagan ar dhaoine óga. Cuirfidh an clár acmhainní ar fáil don oideachas agus don oiliúint, chomh maith leis an óige agus an spórt, chun oideachas saoránachta a leabú ar bhealach níos fearr agus chun na scileanna uile is gá a fhorbairt (e.g. smaointeoireacht chriticiúil, litearthacht sna meáin, scileanna digiteacha), ar fud na foghlama ar feadh an tsaoil, ionas gur féidir le daoine a bheith rannpháirteach go gníomhach agus go freagrach inár sochaithe. Tacóidh an Clár freisin le deiseanna agus sásraí a chruthú le haghaidh rannpháirtíocht fhóinteach na hóige, lena n-áirítear rannpháirtíocht i ndíospóireacht agus i gcinnteoireacht.

---

19 Go háirithe an chéad phrionsabal (tá an ceart ag gach duine chun oideachais, oiliúna agus foghlama ar feadh an tsaoil atá ar ardcháilíocht agus cuimsitheach) agus an ceathrú prionsabal (tá sé de cheart ag gach duine cúnamh tráthúil saincheaptha a fháil chun ionchais fostaíochta nó féinfhostaíochta a fheabhsú, lena n-áirítear tacaíocht a fháil d'oiliúint agus d'athcháiliú).

20 Clár Oibre Scileanna don Eoraip don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht, COM(2020) 274.

21 Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021–2030, COM(2021) 101; An Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020–2025, COM(2020) 698; Plean gníomhaíochta an Aontais maidir le frithchiníochas 2020-2025, COM(2020) 565; Creat Straitéiseach maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach 2020–2030, COM(2020) 620.

Sineirgí le gníomhaíochtaí ar mhaithe le rathúnas agus iomaíochas inbhuanaithe na hEorpa

Tacóidh an Clár le córais oideachais, oiliúna agus scileanna atá ar ardcháilíocht, cuimsitheach agus inoiriúnaithe a fhorbairt mar rannchuidiú le hiomaíochas an Aontais, i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal '**Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach'[22].** Beidh sé i gcomhréir go hiomlán freisin le colún **Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais** 2023 maidir le scileanna glasa agus digiteacha[23], leis an **gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan[24]** 2025 an **Plean Gníomhaíochta maidir le Fuinneamh Inacmhainne[25]** a leanann as lena n-iarrtar scileanna a threisiú in earnálacha straitéiseacha amhail fuinneamh agus Plean Gníomhaíochta mhór-roinn na hIntleachta Saorga agus Cur i bhFeidhm Straitéis IS, chomh maith le colún an **Chomhshocraithe Eorpaigh um na hAigéin[26]**maidir le taighde, eolas, scileanna agus nuálaíocht maidir leis na haigéin a chur chun cinn. Tá an togra i gcomhréir freisin leis an **Teachtaireacht maidir leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta**[27] lena bhforáiltear do straitéis uile-Aontais maidir le litearthacht airgeadais.

Sineirgí le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcosaint agus leis an tslándáil

I gcomhréir le **Straitéis an Aontais Eorpaigh um Ullmhacht**, cuirfidh Erasmus+ ullmhacht, athléimneacht, oideachas sibhialta, rannpháirtíocht shochaíoch agus dhaonlathach chun cinn trí chur chuige ón mbun aníos, lena spreagfar eagraíochtaí agus institiúidí chun iarratas a dhéanamh ar chistiú agus chun litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin, smaointeoireacht chriticiúil, rannpháirtíocht shibhialta, luachanna daonlathacha agus foghlaim saoránachta a chur chun cinn. Tá an obair dheonach ríthábhachtach freisin chun cultúr na hullmhachta cuimsithí agus na hathléimneachta sa tsochaí a chothú. Tá an togra ailínithe freisin leis an Teachtaireacht maidir le **Fís do Gheilleagar Spáis na hEorpa[28]**, lena rannchuidítear le sealbhú na scileanna earnáilsonracha ábhartha.

Sineirgí le beartais le haghaidh Eoraip dhomhanda

Comhlánóidh an Clár a bheidh ann amach anseo gníomhaíochtaí a mhaoinítear tríd an Eoraip Dhomhanda. Ina theannta sin, rannchuideoidh sé le tallann dhomhanda a mhealladh agus le tionchar agus tarraingteacht an Aontais ar an leibhéal domhanda a fheabhsú, mar chomhpháirtí iontaofa. Áireofar sa chlár Erasmus+ a bheidh ann amach anseo rannpháirtíocht tríú tíortha agus tacaíocht do chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, rud a fhágfaidh go mbeidh sineirgí agus rannchuidiú le beartais an Aontais maidir le gníomhaíocht sheachtrach ann.

Sineirgí le beartais maidir lenár gcáilíocht saoil a chothú: slándáil bia, an t-uisce agus an dúlra

Tá an togra ailínithe freisin leis an tosaíocht 'ár gcáilíocht saoil a chothú: slándáil bia, an t-uisce agus an dúlra' agus leis an **bhFís don talmhaíocht agus do bhia[29]** a rannchuidíonn le

22 Compás Iomaíochais, COM(2025) 30.
23 Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach COM(2023) 62.
24 An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, COM(2025) 85.
25 An Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne, COM(2025) 79.
26 An Comhshocrú Eorpach maidir leis na hAigéin, COM(2025) 281.
27 Teachtaireacht maidir leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, COM(2025)124.
28 Fís do Gheilleagar Spáis na hEorpa, COM(2025) 0336.
29 Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia lena múnlaítear le chéile earnáil tharraingteach feirmeoireachta agus agraibhia le haghaidh na nglún atá le teacht, COM(2025) 75.

sealbhú na scileanna is gá i bpríomhearnálacha lenar féidir córas talmhaíochta agus bia atá iomaíoch agus athléimneach a thógáil nó ár mbithéagsúlacht a chosaint.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá bonn cirt le clár Erasmus+ i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt ar bhonn na gcuspóirí a leagtar síos in Airteagail 165 agus 166 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Tugann siad sin inniúlacht tacaíochta don Aontas d'fhonn rannchuidiú le forbairt oideachais cáilíochta, le beartas gairmoiliúna a chur chun feidhme, le malartuithe idir daoine óga a fhorbairt agus le rannpháirtíocht na hóige sa saol daonlathach san Eoraip a spreagadh, chomh maith le saincheisteanna spóirt Eorpacha a chur chun cinn. Trína raon feidhme a leathnú chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin shochaíocha agus ar oibríochtaí cabhrach daonnúla i dtríú tíortha, tá an togra bunaithe freisin ar Airteagal 214(5) CFAE lena gceanglaítear go mbunófar Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil, creat le haghaidh ranníocaíochtaí comhpháirteacha ó Eorpaigh óga le hoibríochtaí cabhrach daonnúla an Aontais agus na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le hoibriú an Chóir.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Cé go bhfanann Ballstáit freagrach as inneachar agus as eagrú a gcuid beartas sna réimsí lena mbaineann, tá na dúshláin a sainaithníodh coiteann do na Ballstáit uile agus/nó tá gné mhór thrasnáisiúnta ag baint leo, rud a éilíonn go dtabharfar aghaidh go héifeachtach ar réitigh ar leibhéal an Aontais, ar chomhordú agus ar thacaíocht. Is féidir le gníomhaíochtaí an Aontais comhar, fothú acmhainneachta agus foghlaim fhrithpháirteach chomh maith le gníomhaíochtaí trasteorann a éascú, agus barrfheabhas a chur ar acmhainneacht na n-earnálacha lena mbaineann ar deireadh.

Is é is aidhm don Chlár feabhas a chur ar shoghluaisteacht thrasnáisiúnta agus ar fhothú acmhainneachta trí chomhar agus trí thacú le forbairtí beartais a bhfuil gné Eorpach ag baint leo. Mar sin féin, mar gheall ar chineál trasnáisiúnta, líon ard agus raon feidhme geografach leathan na ngníomhaíochtaí a dtacaítear leo, chomh maith leis an ngné láidir idirnáisiúnta a bhaineann leo, ní féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a bhaint amach go leormhaith agus iad ag gníomhú ina n-aonair. Mar shampla, tá soghluaisteacht foghlama trasteorann nó obair dheonach níos casta le heagrú ar bhonn déthaobhach agus is deacair do Bhallstáit aonair í a chur ar fáil do chách. Léiríodh i meastóireacht mheántéarma Erasmus+ nach bhfuil an scála ná an méid is gá ag tionscnaimh aonair de chuid eagraíochtaí oideachais agus oiliúna, eagraíochtaí óige agus spóirt nó na mBallstát, cé go bhfuil siad éifeachtach ar an leibhéal náisiúnta, chun tionchar uile-Eorpach a bhaint amach. Thairis sin, tá cumhdach carnach na dtionscnamh tíre aonair agus trasearnála teoranta i gcónaí i gcomparáid leis an gclár Erasmus+ atá ann faoi láthair. Ar an gcaoi chéanna, deimhnítear sa mheastóireacht ar an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach go bhfuil ról ríthábhachtach aige agus, i roinnt tíortha, gurb í an t-aon rogha í le haghaidh shaorálaíocht agus dhlúthpháirtíocht na hóige.

Thairis sin, trí raon feidhme an Chláir a leathnú chun gníomhaíochtaí saorálaíochta a chumhdach, lena n-áirítear tríd an gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil a chomhtháthú, cuirfidh Erasmus+ pointe iontrála aonair ar fáil do dheiseanna an Aontais do dhaoine óga ar fud an Aontais agus thar lear. Faoi láthair, níl rochtain orthu sin ach trí scéimeanna ar leith. Dá bhrí sin, áiritheofar le Erasmus+ go mbeidh na deiseanna céanna ag gach duine óg ar fud an Aontais ar réimse níos leithne gníomhaíochtaí, agus go mbeidh teacht níos éasca acu ar na deiseanna sin. Trí dheiseanna an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a

thabhairt isteach faoi Erasmus+, cuideofar freisin le feasacht a fheabhsú maidir leis na deiseanna atá ar fáil do dhaoine óga agus d'eagraíochtaí a oibríonn leo agus tabharfar níos mó infheictheachta dóibh.

D'aithin freagróirí go forleathan an breisluach a bhaineann le cistiú ón Aontas sna réimsí beartais a chumhdaítear leis an gClár sa chomhairliúchán poiblí oscailte a rinne an Coimisiún don CAI nua, agus leag an chuid is mó díobh béim ar a thábhachtaí atá sé.

- **Comhréireacht**

Cuimsíonn an togra seo na hearnálacha oideachais agus oiliúna uile – oideachas scoile, gairmoideachas agus gairmoiliúint, ardoideachas agus oideachas d'aosaigh – chomh maith leis an óige, an tsaorálaíocht agus an spórt, ar bhealach fócasaithe agus cuíchóirithe. Treisíonn sé na bearta a bhfuil seantaithí orthu, a bhfuil fianaise ar a dtionchar sna meastóireachtaí meántéarma ar Erasmus+ agus ar an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Déanfar na gníomhaíochtaí atá ann cheana a chuíchóiriú, lena n-áirítear idir gníomhaíochtaí Erasmus+ agus iad siúd a chomhtháthaítear ón gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Laghdóidh sé sin dúbailtí agus athdhíreoidh siad iad agus torthaí na meastóireachtaí agus na gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara á gcur san áireamh. Cuirfear úsáid formáidí solúbtha chun cinn go leanúnach chun raon feidhme an Chláir a fhorleathnú.

Tabharfar líon teoranta beart nua isteach chun dul i ngleic le dúshláin nua agus le tosaíochtaí beartais nua (amhail Comhghuaillíochtaí na Scoileanna Eorpacha agus scoláireachtaí Erasmus+ i réimsí straitéiseacha). Meastar freisin go bhfuil na bearta sin ar na cinn is oiriúnaí le go mbeadh an Clár níos cuimsithí agus níos éifeachtaí.

Cuireann na hathruithe atá beartaithe le hailtireacht an chláir atá ann cheana, coinníonn siad na cineálacha céanna idirghabhála lena dtugtar aghaidh ar dhaoine aonair, ar eagraíochtaí agus ar chórais, agus is é is aidhm dóibh tionchar rolladh amach an Chláir a fheabhsú agus a mhéadú, agus úsáid á baint as sásraí seachadta éifeachtacha an chláir a bhí ann roimhe. Dá bhrí sin, ní théann an tionscnamh seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Tá an ionstraim atá beartaithe ina Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ SIARGHABHÁLACHA, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí siarghabhálacha/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Erasmus+

Fuarthas amach sa mheastóireacht deiridh ar chlár 2014–2020 agus sa mheastóireacht eatramhach ar chlár 2021–2027[30] go ndéanann Erasmus+ go láidir ar fud na bpríomhchritéar meastóireachta agus go gcomhlíonann sé a chuspóirí go héifeachtach. D'éirigh go maith leis an dá ghlúin den chlár breisluach láidir Eorpach a chur ar fáil, agus ról lárnach acu i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, chomh maith leis an óige agus an spórt.

[30] COM(2025)395, SWD(2025)186, 15.7.2025

D’ainneoin thionchar diúltach phaindéim COVID-19, thacaigh Erasmus+ le soghluaisteacht foghlama thar lear de bhreis agus 6,2 milliún rannpháirtí sa tréimhse 2014–2020 agus thart ar 1,6 milliún in 2021–2023, rud a chuidigh lena scileanna agus lena n-inniúlachtaí a mhéadú. Chomh maith leis sin, chistigh sé breis agus 136 000 eagraíocht ar leith i gClár 2014–2020 agus breis agus 77 000 eagraíocht ar leith in 2021–2023, rud a thacaigh lena gcomhar agus a gcleachtais a fheabhsú.

Sáraíonn Erasmus+ go mór an méid a d’fhéadfadh tíortha aonair a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal idirnáisiúnta. Eascraíonn na tairbhí a bhaineann leis as na deiseanna a chuireann sé ar fáil d’fhorbairt phearsanta, oideachasúil agus ghairmiúil foghlaimeoirí agus ball foirne, do chomhar trasteorann eagraíochtaí agus d’fhorbairt beartais i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt. Cuireann sé tairbhí móra ar fáil dóibh siúd a ghlacann páirt sa chlár i gcomparáid leo siúd nach nglacann páirt ann. Gan Erasmus+, laghdófaí go mór na tairbhí a bhainfeadh daoine aonair agus eagraíochtaí as an gClár. Laghdófaí gníomhaíochtaí trasteorann na n-earnálacha oideachais, oiliúna, óige agus spóirt go nialas nó geall leis i roinnt tíortha, go háirithe in earnálacha na hóige agus an spóirt. Cistíonn Erasmus+ níos mó ná leath de na soghluaisteachtaí creidmheasa sna Ballstáit, agus os cionn 90 % den tsoghluaisteacht ghearr i leath de thíortha an Aontais.

Thairis sin, tá an clár ag freagairt do riachtanais atá ag teacht chun cinn a bhaineann le dúshláin nua a bhaineann le forbairtí teicneolaíochta, agus é á ailíniú le hearnálacha beartais agus tosaíochtaí an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas, go háirithe teacht chun cinn na hintleachta saorga giniúnaí agus soláthar scileanna chun tacú le hiomaíochas an Aontais. Tá infheistíocht á déanamh ag Erasmus+ chun cuidiú le forbairt na scileanna is gá chun na scileanna a sheasfaidh an aimsir a chur ar fáil do mhargadh aonair agus d’earnálacha tionsclaíocha an Aontais chun dul i ngleic le dúshláin an iomaíochais, mar a léiríodh i dtuarascálacha Draghi agus Letta. Is cosúil go bhfuil cistiú na soghluaisteachta foghlama - atá i gcroílár an chláir — ríthábhachtach chun a áirithiú go mbeidh na scileanna cearta ag na glúnta óga chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le comhthéacs atá ag athrú go tapa. Tá an Clár níos cuimsithí freisin agus dá thoradh tá méadú tagtha ar sciar na ndaoine ar lú na deiseanna atá acu i measc a rannpháirtithe, ó thart ar 10 % in 2014–2020 go 15 % in 2023.

D’ainneoin an dul chun cinn soiléir, sainaithníodh sa mheastóireacht na bacainní atá fós ann ar rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu. Dá bhrí sin, ba cheart do Erasmus+ leanúint d’aghaidh a thabhairt ar na dúshláin inrochtaineachta is práinní, agus leanúint dá raon feidhme a leathnú chuig rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu. Dá ndéanfaí soiléiriú breise ar shainmhínithe ar dhaoine ar lú na deiseanna atá acu agus dá soláthrófaí treoraíocht níos soiléire maidir leis na bearta atá ar fáil chun tacú lena rannpháirtíocht, chuirfí feabhas freisin ar an gcuimsitheacht.

Ba cheart measúnú a dhéanamh ar athbhreithniú ar na rialacha cistiúcháin, ar nósanna imeachta tuairiscithe níos simplí agus ar chuíchóiriú ar fud na ngníomhaíochtaí agus na réimsí éagsúla chun rochtain a shimpliú d’eagraíochtaí beaga agus d’eagraíochtaí nua. Sainaithníodh sa mheastóireacht freisin gur gá cistiú malartach a shimpliú, aistriú cistí idir ionstraimí a éascú agus deireadh a chur le bacainní idir modhanna oibríochtúla éagsúla agus rialacha cistiúcháin chun níos mó sineirgí a thógáil idir Erasmus+ agus ionstraimí eile agus méadú ar thionscadail a mhéadú. Ba cheart é sin a dhéanamh freisin trí thorthaí tionscadail a scaipeadh ar bhealach níos fearr.

Léirítear sa mheastóireacht breisluach idirnáisiúnta an chláir, rud atá riachtanach chun luachanna an Aontais a chothú, foghlaim idirchultúrtha, feasacht ar rannpháirtíocht shibhialta

agus ghníomhach a mhúscailt ach freisin chun piarfhoghlaim a éascú agus saineolas Eorpach i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt a thabhairt chuig réigiúin eile.

Sainaithníodh i meastóireacht Erasmus+ deiseanna chun feabhas a chur ar chomhleanúnachas leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus bealaí a shainaithint chun aghaidh a thabhairt ar fhorluí a d'fhéadfadh a bheith ann, éifeachtúlacht fhoriomlán a fheabhsú agus soiléireacht a mhéadú do pháirtithe leasmhara.

An Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach

Fuarthas amach sa mheastóireacht deiridh ar chlár 2018–2020 agus sa mheastóireacht eatramhach ar chlár 2021–2027[31] go bhfeidhmíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach go maith ar fud na gcúig chritéar meastóireachta (ábharthacht, éifeachtúlacht, éifeachtacht, comhleanúnachas, breisluach AE). Tugann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach aghaidh ar riachtanais ríthábhachtacha na sochaí Eorpaí, trí rannpháirtíocht shibhialta a chothú agus tríd an gcuimsiú agus an éagsúlacht a chur chun cinn. Leis an gclár, cothaítear muintearas, athbheoitear tionscnaimh áitiúla agus cuirtear dearcadh domhanda níos leithne chun cinn. Cuireann rannpháirtíocht le scileanna pearsanta, gairmiúla agus staidéir feabhsaithe mar aon le feasacht shóisialta agus shibhialta. Bhain an clár a spriocanna amach go comhsheasmhach freisin maidir le rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu (30 % in 2022 agus 2023). Deimhnítear le torthaí na meastóireachta go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus, i roinnt tíortha, gurb é an t-aon rogha amháin é le haghaidh saorálaíocht agus dlúthpháirtíocht na hóige. Sainaithníodh roinnt réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu. Áirítear ar na príomh-mholtaí (i) feabhas a chur ar shainaithint daoine ar lú na deiseanna atá acu chun a gcuimsiú breise sa chlár a éascú, (ii) cuspóirí agus cistiú an chláir a ailíniú, (iii) aghaidh a thabhairt ar dhifríochtaí i ndáileadh geografach na dtorthaí agus na dtionchar, (iv) feabhas a chur ar shocruithe víosaí do náisiúnaigh tríú tír (v) feabhas a chur ar uirlisí TF agus faireacháin, agus (vi) cuspóir na sraithe cabhrach daonnúla a shoiléiriú. Tá sé cruthaithe go ginearálta go bhfuil an cistiú an-teoranta i bhfianaise uaillmhianta agus chuspóirí an chláir. Comhlánaíonn an clár cláir de chuid an Aontais amhail Erasmus+, ach tá sineirgí iarbhír beagán teoranta, rud a thugann le fios go bhfuil gá le hiarrachtaí níos struchtúrtha.

Baineann **réimse dúblála féideartha** a cuireadh i dtábhacht sa mheastóireacht le gníomhaíochtaí Rannpháirtíochta Óige Erasmus+ agus le tionscadail Dlúthpháirtíochta arna gcistiú faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Tacaíonn siad araon le tionscnaimh faoi stiúir na hóige atá á reáchtáil ag grúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga, rud a chothaíonn saoránacht ghníomhach agus braistint tionscnaíochta. Tá gné dlúthpháirtíochta níos láidre ag tionscadail dlúthpháirtíochta, lena dtacaítear le gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta áitiúla ón mbun aníos den chuid is mó d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin laistigh de na pobail ina bhfuil cónaí ar na daoine óga atá i mbun an tionscadail. Mar sin féin, tugann an iliomad réimsí gníomhaíochta coiteanna le fios gur gá machnamh a dhéanamh ar fhorluí a d'fhéadfadh a bheith ann. Tagann na gníomhaíochtaí tacaíochta arb é is aidhm dóibh cur chun feidhme cáilíochta an dá chlár a mhéadú chun cinn freisin mar shamplaí d'fhorluí a d'fhéadfadh a bheith ann. Is iad na gníomhaireachtaí náisiúnta céanna, atá gníomhach i réimse na hóige, a reáchtálann an dá ghníomhaíocht, agus cistíonn siad gníomhaíochtaí an-chosúil, agus déanann siad teagmháil le spriocghrúpaí a bhíonn mar an gcéanna go minic. Is deiseanna iad na gníomhaíochtaí sin le haghaidh sineirgí idir na cláir, agus d'fhéadfaí iad a scrúdú freisin maidir le barainneachtaí scála agus éifeachtúlacht fheabhsaithe.

[31] COM(2025) 144 final, SWD(2025) 75, 1.4.2025.

Mar fhocal scoir, comhlánaíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach Erasmus+ trí eispéiris saorálaíochta agus dlúthpháirtíochta a thairiscint do dhaoine óga lasmuigh de chreataí foirmiúla oideachais agus oiliúna.Deimhnítear leis na meastóireachtaí ar Erasmus+ agus ar an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach araon gur éirigh leis na cláir agus cuirtear i dtábhacht a n-éifeachtacht. Cé nár sainaithníodh aon mhór-shaincheist struchtúrach ná cur chun feidhme, moltar leanúint de shimpliú agus de chuimsiú a shaothrú, an ghné idirnáisiúnta a fheabhsú, agus aghaidh a thabhairt ar fhorluí agus sineirgí idir an dá chlár.

Dá bhrí sin, cuirfidh an ionstraim a bheidh ann amach anseo leis an rath agus leis na láidreachtaí sin. Tabharfar aghaidh níos fearr leis ar dhúshláin an Aontais a bhaineann le rathúnas agus iomaíochas inbhuanaithe, ganntanas scileanna, cuimsiú sóisialta, daonlathas, ach freisin an ceanglas maidir le cuimsiú níos fearr, tionchar níos láidre agus simpliú.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinneadh gníomhaíochtaí comhairliúcháin idir mí an Mhárta 2024 agus mí na Bealtaine 2025 agus ceapadh iad chun ionchur a bhailiú ó réimse leathan páirtithe leasmhara. Is éard a bhí sna gníomhaíochtaí sin comhairliúchán poiblí oscailte, dhá cheardlann le húdaráis náisiúnta agus le gníomhaireachtaí náisiúnta, comhdháil páirtithe leasmhara ar mórscála (le húdaráis náisiúnta, gníomhaireachtaí náisiúnta, brateagraíochtaí, tairbhithe agus rannpháirtithe Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, chomh maith le hionadaithe ó institiúidí an Aontais) agus comhairliúcháin theagmhasacha.

Rinneadh an **comhairliúchán poiblí oscailte** idir an 12 Feabhra agus an 7 Bealtaine 2025, agus bailíodh 5 845 fhreagra air. Chuir sé bonn eolais faoin measúnú tionchair le haghaidh chláir an Aontais i réimsí an oideachais trasteorann, na hóige, an chultúir, na meán, na luachanna agus na sochaí sibhialta faoi CAI tar éis 2027.

Léirigh na freagraí dearbhú soiléir ar ról leanúnach an Aontais maidir le comhar trasteorann a chothú agus tacú le cuspóirí daonlathacha agus sóisialta. I measc na bhfreagraí, mheas 81 % de shaoránaigh agus 70 % d'eagraíochtaí go raibh 'tacaíocht do staidéar/oiliúint thar lear' 'an-tábhachtach'. Is minic a bhí an tosaíocht sin ceangailte le téama níos leithne na hinfheistíochta fadtéarmaí i scileanna, infhostaitheacht agus i bhféiniúlacht Eorpach. Rinne freagróirí an tsoghluaisteacht foghlama a nascadh ní hamháin le sochair oideachais ach freisin le lánpháirtiú sóisialta, rannpháirtíocht shibhialta agus ullmhacht don mhargadh saothair. Thagair go leor acu do ról chistiú an Aontais chun tacú le malartuithe mac léinn, gairmoiliúint, foghlaim teangacha, agus comhpháirtíochtaí trasteorann mar luamháin chun sochaí níos cuimsithí agus níos iomaíche a fhorbairt. Ar an gcaoi chéanna, fuair 'cosaint an daonlathais, caighdeáin dhaonlathacha a chur chun cinn' tacaíocht 80 % i measc saoránach agus 72 % i measc eagraíochtaí, rud a léiríonn cóineasú ard idir páirtithe leasmhara aonair agus institiúideacha.

Ba ghné láidir den chomhairliúchán í rannpháirtíocht na hóige. Bhí beagnach 50 % de fhreagróirí saoránach faoi bhun 30 bliain d'aois, agus chuir an aoisghrúpa sin in iúl go comhsheasmhach go dtacaíonn sé go láidir le tionscnaimh chistiúcháin lena gcuirtear rannpháirtíocht dhaonlathach, comhionannas, soghluaisteacht agus comhar sibhialta chun cinn. Bhí a n-aiseolas ag teacht go maith le réimsí fócais straitéiseacha an Choimisiúin don óige, lena n-áirítear iad siúd a cuireadh i dtábhacht faoin tionscnamh Seiceáil ar an Óige. Léirigh a rannpháirtíocht ardleibhéal feasachta agus infheistíochta freisin sna gnéithe luachanna-bhunaithe agus trasteorann de chlársceidealú an Aontais.

Deimhníodh sna freagraí ar an gcomhairliúchán poiblí oscailte freisin go gcuireann cistiú ón Aontas breisluach ar fáil i gcomparáid le cistiú ar an leibhéal náisiúnta, áitiúil nó réigiúnach sna réimsí a chumhdaítear leis. Mar shampla, mheas 79 % de na freagróirí gur réimse é 'An

daonlathas a chosaint agus caighdeáin dhaonlathacha a chur chun cinn' ina soláthraítear breisluach den chuid is mó le cistiú ón Aontas.

Iarradh ar fhreagróirí meastóireacht a dhéanamh ar na bacainní a chuireann cosc ar bhuiséad an Aontais a chuspóirí a bhaint amach go hiomlán sna réimsí beartais, ba dhíol sásaimh i gcoitinne do na freagróirí fócas an Choimisiúin ar éifeachtúlacht níos fearr i gcistiú, ach ní ar chostas 'féiniúlachta' agus 'iontaobhais', agus soiléireacht théamach agus úinéireacht na bpáirtithe leasmhara á gcaomhnú. Léiríonn torthaí cainníochtúla gur ualach riaracháin (arna sainaithint ag 52 % de shaoránaigh agus 58 % d'eagraíochtaí) agus rialacha casta a bhaineann go sonrach le cistí (50 % de shaoránaigh agus 53 % d'eagraíochtaí) na bacainní ba mhinice a luadh i ngach grúpa. Is léiriú iad na saincheisteanna sin ar ábhair imní ní hamháin maidir le castacht rialála ach freisin maidir le hilroinnt idir ionstraimí agus neamhéifeachtúlachtaí maidir le seachadadh. I measc na mbacainní breise bhí easpa solúbthachta chun acmhainní a ath-leithdháileadh mar fhreagairt ar riachtanais atá ag teacht chun cinn (32 % de shaoránaigh agus 32 % d'eagraíochtaí), moilleanna ar chur chun feidhme an chláir agus ar eisíocaíocht chistiúcháin, agus cumarsáid neamhleor nó soiléireacht neamhleor maidir le deiseanna cistiúcháin. Leag údaráis phoiblí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha béim go háirithe ar mhoilleanna mar fhoinse tionchair laghdaithe agus creidiúnachta áitiúla.

Léiríodh sna **comhairliúcháin eile** freisin go bhfuiltear ag tacú d'aon toil le leanúint de Erasmus+ agus le feabhas a chur ar Erasmus+ agus leis na deiseanna a chuirtear ar fáil faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, agus béim á leagan ar an ról ríthábhachtach atá acu maidir le luachanna an Aontais a chothú, tacú le forbairt scileanna agus leis an iomaíochas. Leag na páirtithe leasmhara béim ar an ngá atá le cobhsaíocht an chláir i dtéarmaí ailtireachta agus sásraí seachadta foriomlána agus soghluaisteachta a choinneáil i gcroílár an chláir. Cuirtear i dtábhacht san aiseolas freisin luach na ngníomhaíochtaí suaitheanta, amhail Comhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha, na hIonaid Barr Feabhais Gairme, agus Acadaimh Múinteoirí Erasmus+ agus a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh iontu.

Maidir leis na príomhdhúshláin atá roimh an gclár amach anseo, léiríonn na sonraí a bailíodh, cé gur díol sásaimh do pháirtithe leasmhara na bearta simpliúcháin a tugadh isteach sa chlárthréimhse atá ann faoi láthair, go bhféadfaí tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh sa réimse sin amhail rialacha an chláir a chuíchóiriú agus an t-ualach riaracháin a laghdú tuilleadh. Cuireadh i dtábhacht sna comhairliúcháin an tiomantas méadaithe ó pháirtithe leasmhara freastal ar riachtanais daoine aonair ar lú na deiseanna atá acu agus an gá atá le gné láidir cuimsithe an chláir a fheabhsú a thuilleadh trí theagmháil éifeachtach a dhéanamh leis na spriocghrúpaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus trí rannpháirtíocht eagraíochtaí pobail agus nuatheachtaithe a éascú. D'iarr roinnt páirtithe leasmhara freisin rochtain a shimpliú agus an t-ualach riaracháin a mhaolú trí mhodh bainistíochta a athrú — ó bhainistíocht dhíreach go bainistíocht indíreach — le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe amhail Jean Monnet i réimsí eile seachas an t-ardoideachas agus Comhpháirtíochtaí le haghaidh comhair i réimse an spóirt.

Ina theannta sin, leag na páirtithe leasmhara béim ar an tábhacht a bhaineann le sineirgí a d'fhéadfaí a éascú idir ionstraimí éagsúla an Aontais. Áirítear leis sin comhordú feabhsaithe ón gCoimisiún Eorpach ar an leibhéal Eorpach. Iarradh gné láidir idirnáisiúnta, cumarsáid agus faisnéis mhéadaithe agus fheabhsaithe, measúnú tionchair chomh maith le bailiú agus úsáid sonraí.

Ar an iomlán, chuir páirtithe leasmhara ionchur luachmhar ar fáil maidir le conas cur leis an dul chun cinn atá déanta agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá fós ann chun a chinntiú go n-éireoidh go fadtéarmach le deiseanna Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh.

- **Saineolas seachtrach**

Bhunaigh an Coimisiún é féin ar thorthaí agus ar mholtaí na meastóireachtaí meántéarma ar Erasmus+ agus ar an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, a bhí ag brath ar shaineolas conraitheoirí seachtracha, agus ar staidéir athbhreithnithe eile agus ar thuarascálacha seachtracha.

- **Measúnú tionchair**

Bhí an togra faoi réir measúnú tionchair, a rinneadh mar chuid den ullmhúchán don chéad CAI eile. Cumhdaíodh leis cistí AE a thacaíonn le hoideachas, oiliúint agus dlúthpháirtíocht trasteorann, le daoine óga, leis na meáin, leis an gcultúr, agus le hearnálacha na cruthaitheachta, le luachanna agus leis an tsochaí shibhialta.

Sa mheasúnú tionchair, d'fhéach an Coimisiún ar roinnt roghanna beartais malartacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na n-earnálacha a chumhdaítear leis an mbraisle agus chinn sé cén rogha is fearr a d'fhreastail ar réimsí beartais agus ar thosaíochtaí an Choimisiúin. Bhí na roghanna éagsúla comheisiatach. Rogha amháin ab ea leanúint leis na cláir Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh atá ann cheana mar chláir neamhspleácha, agus roinnt feabhsuithe incriminteacha a thabhairt isteach san am céanna. Is éard a bhí sa dara rogha Erasmus+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a thabhairt le chéile, dhá chlár a bhfuil príomhchuspóir coiteann acu rannchuidiú le foghlaim ar feadh an tsaoil ar ardchaighdeán, scileanna agus príomhinniúlachtaí a fheabhsú do chách, don saol agus do phoist, agus rannpháirtíocht shochaíoch agus oideachas sibhialta, dlúthpháirtíocht agus cuimsiú sóisialta á gcur chun cinn san am céanna. An tríú rogha ab ea comhtháthú iomlán na mbeartas a chumhdaítear faoi láthair le Erasmus+ agus leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, agus iad siúd a chumhdaítear leis an gclár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus le hEoraip na Cruthaitheachta faoi aon ionstraim amháin.

Rinneadh roghanna malartacha eile a mheas freisin ach cuireadh i leataobh iad ag céim luath. Ceann amháin ab ea deireadh a chur le cistiú ón Aontas sna réimsí a chumhdaítear faoi láthair le Erasmus+ agus leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ach diúltaíodh dó i bhfianaise a thábhachtaí atá na fadhbanna a dhéanann difear do na hearnálacha lena mbaineann, i bhfianaise na suntasachta a tugadh do na beartais sin sna treoirlínte polaitiúla agus i bhfianaise bhreisluach idirghabháil an Aontais, a raibh na meastóireachtaí meántéarma faoi seach mar bhonn taca leo.

Rinneadh anailís ar an bpríomhthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na trí rogha ar an ngearrliosta (leanúnachas, comhtháthú iomlán, agus cumasc cuspóirbhunaithe) in aghaidh a ngnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil. I gcás inarb ábhartha, cumhdaíodh san anailís freisin costais agus tairbhí, tionchair ar iomaíochas agus ar ghnólachtaí beaga agus ar dhigitiú, chomh maith leis an rannchuidiú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Ina theannta sin, rinneadh measúnú ar na roghanna bunaithe ar a n-éifeachtacht, a n-éifeachtúlacht, a gcomhleanúnachas agus a gcomhréireacht, agus an Mheastóireacht Ilchritéar Sóisialta á cur i bhfeidhm.

Cuireadh i dtábhacht sa mheastóireacht ar na roghanna agus ar a dtionchar go mbeadh acmhainneacht níos fearr ag baint le comhtháthú bunaithe ar chuspóirí beartais (cumasc cuspóirbhunaithe) i gcomparáid leis an dá rogha mhalartacha. D'fhágfadh sé go bhféadfaí comhordú níos fearr, solúbthacht spriocdhírithe, agus úsáid níos éifeachtaí a bhaint as buiséad an Aontais - gan fócas beartais ná inrochtaineacht a íobairt.

Cuirfidh an ionstraim chistiúcháin sin cur chuige níos cuimsithí agus tírdhreach comhleanúnach deiseanna foirmiúla, seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla ar fáil do dhaoine óga, arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoi fhorbairt scileanna, rannpháirtíocht, ullmhacht

agus comhtháthú sóisialta. Ní mór don Eoraip a áirithiú go mbeidh íosleibhéal inniúlachta bunscileanna agus scileanna digiteacha ag daoine óga agus go gcothófar na hardinniúlachtaí agus na scileanna boga is gá, ag gach céim den saol. Tá sé sin bailí don fhorbairt ghairmiúil agus dá bhforbairt phearsanta freisin. Tá sé sin ríthábhachtach ós rud é go bhfuil beagnach 18 milliún duine óg san Aontas i mbaol eisiamh sóisialta[32] agus, in 2024, thuairiscigh beagnach leath díobh fadhbanna mothúchánacha nó síceasóisialta a bhí ann le déanaí[33]. Ní mór don Eoraip aghaidh a thabhairt freisin ar an easpa eolais i measc daoine óga, go háirithe ar a gcearta daonlathacha, ar a ndeacrachtaí rochtana ar fhaisnéis, ar rannpháirtíocht theoranta i bpróisis chinnteoireachta agus ar an díospóireacht pholaitiúil níos leithne. Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin go léir chun Eoraip rathúil, ullmhaithe agus chomhtháite a áirithiú ach ní féidir í a shásamh trí oideachas foirmiúil amháin. Cuireann an obair dheonach agus cineálacha eile foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla luach comhlántach leis an oideachas foirmiúil. Ó thaobh cur chun feidhme de, tríd an loighic idirghabhála a aontú le haghaidh na réimsí sin (a chumhdaítear go príomha le Erasmus+ agus leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach), dhéanfaí cistiú ón Aontas a chuíchóiriú agus a shimpliú go mór, rud a d'fhágfadh go mbeadh éifeachtúlacht níos fearr, barainneachtaí scála agus ualach riaracháin laghdaithe ann.

Cuirfidh an ionstraim nua leis an rath atá ar chláir agus ar dhea-chleachtais an CAI atá ann faoi láthair, mar is léir ó mheastóireachtaí. Tabharfaidh sé aghaidh níos fearr ar dhúshláin thrasnáisiúnta agus choiteanna, líonfaidh sé bearnaí cistiúcháin ar leibhéal na mBallstát, agus feabhsóidh sé comhleanúnachas idir beartais inmheánacha agus sheachtracha, agus ag an am céanna cuirfidh sé borradh faoi shineirgí, éifeachtúlacht agus éifeachtacht, agus laghdóidh sé forluí.

Bunaithe ar na treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, cuireadh an tuarascáil seo ar an measúnú tionchair faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála lena grinnscrúdú ar cháilíocht. Thug an Bord tuairim uaidh maidir leis an measúnú tionchair an 13 Meitheamh 2025. Rinne an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála sraith tuairimí agus moltaí maidir le raon feidhme, sainiú na faidhbe agus úsáid meastóireachtaí, loighic agus cuspóirí idirghabhála, comparáid idir roghanna agus anailís costais is tairbhe, rialachas, comhleanúnachas agus faireachán agus meastóireacht amach anseo. Rinneadh athbhreithniú ar an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra dlí seo i gcomhréir le barúlacha an Bhoird.

- **Simpliú**

Tugtar isteach roinnt simplithe leis an togra.

Do dhaoine aonair, go háirithe do dhaoine óga

Tríd an raon feidhme a leathnú agus tionscadail saorálaíochta agus dlúthpháirtíochta a chur san áireamh, tabharfaidh an tionscnamh deiseanna uile an Aontais do dhaoine óga faoi aon chlár amháin. Dá bhrí sin, cuirfidh an togra pointe iontrála aonair ar fáil do dheiseanna cistiúcháin ón Aontas do dhaoine óga agus dóibh siúd a oibríonn leo ar fud an Aontais agus thar lear, rud a thabharfaidh rochtain níos éasca orthu.

[32] In 2024, bhí 24,2 % de leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois (19,5 milliún leanbh) san Aontas i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta. Foinse: Bunachar sonraí ar líne Eurostat (cód: ilc_peps01n) [ilc_peps01n] Daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta de réir aoise agus gnéis.

[33] Suirbhé Eorabharaiméadair FL545, Bealtaine 2024, an Óige agus an Daonlathas.

Le haghaidh iarratasóirí agus tairbhithe

Is é is aidhm don togra comhleanúnachas a mhéadú agus struchtúr an chláir a chuíchóiriú trí na bearta comhair agus tacaíochta beartais a chomhcheangal, trí ghníomhaíochtaí a athdháileadh (mar shampla trí na deiseanna comhair uile d'eagraíochtaí a thabhairt le chéile nó tríd an tacaíocht a thabhairt d'ardáin mar aon le huirlisí agus bearta eile chun tacú le forbairt beartais agus cur chun feidhme clár) agus trí dheireadh a chur leis na caibidlí nach bhfuil gá leo de réir réimse. Déanfar gníomhaíochtaí a bhfuil cuspóirí agus forluí comhchosúla acu a chumasc. (e.g. soghluaisteacht foghlama d'fhoghlaimeoirí agus do bhaill foirne ardoideachais). Tabharfaidh siad sin soiléireacht maidir leis na deiseanna cistiúcháin a chuirtear ar fáil don Aontas, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca d'iarratasóirí féideartha a mbealach a dhéanamh agus na deiseanna ábhartha dóibh a shainaithint.

Thairis sin, tabharfaidh an tionscnamh aghaidh ar na bacainní a bhíonn roimh eagraíochtaí is iarratasóirí ar leibhéal an phobail, eagraíochtaí beaga nó eagraíochtaí is iarrthóirí céaduaire agus cuirfidh sé lena raon trí mhodh bainistíochta roinnt gníomhaíochtaí a athrú (e.g. gníomhaíochtaí Jean Monnet atá ann faoi láthair i réimsí eile seachas an t-ardoideachas nó comhpháirtíochtaí comhair le haghaidh spóirt). Tabharfar isteach leis freisin comhpháirtíochtaí deontais ar luach an-íseal le hualach riaracháin laghdaithe go mór d'iarratasóirí.

Leanfaidh úsáid na gcóras creidiúnaithe de chreat struchtúrtha a chur ar fáil d'eagraíochtaí le haghaidh feabhas leanúnach agus rochtain shimplithe ar chistiú, rud a éascóidh ar deireadh pleanáil fhadtéarmach, a mhéadóidh cáilíocht na ngníomhaíochtaí agus a chuirfidh feabhas ar an gcomhar trasnáisiúnta. Bainfear an úsáid is mó is féidir as deontais shimplithe i bhfoirm cnapshuimeanna, costais aonaid agus rátaí comhréidhe.

Ina theannta sin, déanfar iarrachtaí chun nósanna imeachta foriomlána maidir le cur i bhfeidhm agus tuairisciú a shimpliú chomh maith le rialacha a chomhchuibhiú, agus comhréireacht idir leibhéal an deontais agus na ceanglais á háirithiú ag an am céanna.

Le haghaidh páirtithe leasmhara a chuireann an clár chun feidhme (údaráis náisiúnta, gníomhaireachtaí náisiúnta, an Coimisiún Eorpach)

Trí dhá chlár a thabhairt faoi chreat amháin a oibríonn le próisis chomhchosúla a dhúblálann a chéile i roinnt réimsí (e.g. clár oibre, faireachán, cumarsáid), cuirfidh an togra simpliú nach beag ar fáil, as a dtiocfaidh éifeachtúlacht níos fearr, ualach riaracháin laghdaithe agus costais cur chun feidhme. Leis sin, beifear in ann úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní, don Choimisiún Eorpach, do na Ballstáit agus do thríú tíortha araon a dhéanann iarratas ar bheith comhlachaithe leis an gclár (i.e. comhlachtaí cur chun feidhme).

- **Cearta bunúsacha**

Tá an togra i gcomhréir le luachanna an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus urramaíonn sé na luachanna sin. Tá dlúthbhaint ag cuspóirí an tionscnaimh atá beartaithe le cearta bunúsacha a chur chun cinn agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm. Mar a thuairiscítear go mionsonraithe i dTuarascáil Bhliantúil 2024 maidir le cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha[34], rannchuidíonn clár Erasmus+ 2021–2027 le cearta bunúsacha ar fud a réimsí uile. Ar an gcaoi chéanna, rannchuideoidh an togra seo le cur chun cinn agus cosaint na gceart a chumhdaítear in Airteagal 8 (cosaint sonraí pearsanta), Airteagal 11 (saoirse chun tuairimí a nochtadh agus

[34] Cistiú chun cearta bunúsacha a chur chun cinn, a chosaint agus a fhorfheidhmiú, Tuarascáil bhliantúil 2024 maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (COM/2024/456).

faisnéis a fháil), Airteagal 13 (saoirse na n-ealaíon agus na n-eolaíochtaí, lena n-áirítear saoirse acadúil), Airteagal 14 (an ceart chun oideachais), Airteagal 15 (saoirse chun slí bheatha a roghnú agus an ceart chun obair a dhéanamh), Airteagail 20 agus 21 (comhionannas agus neamh-idirdhealú), Airteagal 22 (éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus teanga), Airteagal 23 (comhionannas idir mná agus fir), Airteagal 24 (cearta an linbh), Airteagal 26 (cearta daoine faoi mhíchumas), Airteagal 31 (dálaí oibre cothroma agus córa), Airteagal 33 (saol an teaghlaigh agus an saol gairmiúil), Airteagail 39 go 46 (cearta saoránach) den Chairt. Baintear é sin amach go príomha trí thionscadail agus tionscnaimh a chistiú a rannchuidíonn le cur i bhfeidhm praiticiúil na gceart bunúsach sin.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Féach Iarscríbhinn I.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar faireachán ar an tionscnamh seo tríd an gcomhchreat feidhmíochta don bhuiséad tar éis 2027. Déantar foráil sa chreat feidhmíochta maidir le tuarascáil cur chun feidhme le linn chéim cur chun feidhme an Chláir, chomh maith le meastóireacht shiarghabhálach atá le déanamh i gcomhréir le hAirteagal 34(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Déanfar an mheastóireacht i gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr agus beidh sí bunaithe ar tháscairí atá ábhartha do chuspóirí an Chláir.

Tuairisceoidh an Coimisiún go tráthrialta do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do gach institiúid ábhartha eile de chuid an Aontais.

Cuirfear cuid mhór den Chlár chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach, go príomha trí ghníomhaireachtaí náisiúnta. Is faoi bhainistíocht dhíreach a chuirfear na codanna eile den Chlár chun feidhme, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin den chuid is mó faoi mhaoirseacht sheirbhísí an Choimisiúin atá freagrach as an gClár.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leagtar amach sa Rialachán na forálacha maidir le clár Erasmus+ lena gcumhdaítear oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt agus lena gcomhtháthaítear na deiseanna a chuireann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach ar fáil, lena n-áirítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil faoi CAI 2021–2027, lena gcuirtear ionstraim chuimsitheach de chuid an Aontais ar fáil chun rannchuidiú le foghlaim ar feadh an tsaoil ar ardchaighdeán, scileanna agus príomhinniúlachtaí a fheabhsú do chách, don saol agus do phoist, agus rannpháirtíocht shochaíoch agus oideachas sibhialta, dlúthpháirtíocht agus cuimsiú sóisialta á gcur chun cinn ag an am céanna. Is príomhionstraim é an Clár chun tacú le cur chun feidhme bheartais an Aontais i réimse an oideachais, na hoiliúna, an óige agus an spóirt. Tá na cuspóirí sonracha bunaithe ar idirghabháil.

Le Caibidil I — ‘Forálacha Ginearálta’, leagtar amach sa Rialachán atá beartaithe an t-ábhar lena mbaineann, na sainmhínithe ar théarmaí áirithe chun críocha an Rialacháin seo, mar aon le cuspóirí ginearálta agus sainiúla an Chláir.

Tá an Clár bunaithe ar cholún maidir le deiseanna foghlama do chách agus ar cholún maidir le fothú acmhainneachta lena gcomhcheanglaítear comhar i measc eagraíochtaí agus institiúidí

agus tacaíocht d'fhorbairt beartais, lena gcumhdaítear réimsí uile an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt.

Le Caibidil II — 'Raon feidhme na hidirghabhála' sainaithnítear na gníomhaíochtaí atá beartaithe chun cuspóirí an Rialacháin atá beartaithe a bhaint amach. Faoi dheiseanna foghlama do chách, tacóidh an Clár le soghluaisteacht foghlama i ngach réimse agus deiseanna saorálaíochta i réimse na hóige ar thaobh amháin agus le deiseanna forbartha tallainne agus barr feabhais ar an taobh eile. Cumhdaítear leis freisin an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil. Áirítear leis an tsraith sin freisin fís nua maidir le soghluaisteacht a leathnú chun a áirithiú go mbeidh an deis ag gach Eorpach óg taithí Erasmus+ a fháil ag aois níos luaithe nuair a chruthaítear luachanna agus dearcthaí, chomh maith le deiseanna nua (scoláireachtaí Erasmus+) a tugadh isteach chun cur ar chumas mac léinn staidéar a dhéanamh i réimsí straitéiseacha oideachais agus deiseanna atá ann cheana a aistrítear faoin tsraith seo ar mhaithe le comhleanúnachas agus soiléireacht, lena n-áirítear scoláireachtaí Erasmus Mundus agus gníomhaíochtaí Jean Monnet i réimse an ardoideachais.

Le Caibidil III — 'Cuimsiú agus éagsúlacht' sainaithnítear an fócas ba cheart a bheith ag an gClár ar an gcuimsiú agus ar an éagsúlacht chomh maith le bearta agus uirlisí chun teagmháil a dhéanamh le níos mó rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu.

Le Caibidil IV — 'Forálacha Airgeadais', leagtar amach an clúdach buiséadach don Chlár le haghaidh na clárthréimhse agus cineálacha cistiúcháin ón Aontas atá beartaithe. Foráiltear ann freisin gur cheart rannchuidiú airgeadais breise a dháileadh faoi ionstraimí eile. Sainaithnítear sa Chaibidil foirmeacha agus feidhmiú sineirgí chomh maith le cistí agus acmhainní eile. Ina theannta sin, sonraítear sa Chaibidil seo freisin roinnt rialacha sonracha is infheidhme maidir le bainistíocht dhíreach agus indíreach amhail maidir le leithdháileadh cistí faoi bhainistíocht indíreach.

Le Caibidil V — 'Rannpháirtíocht sa Chlár' sonraítear critéir maidir leis na tíortha rannpháirteacha. Sonraítear ann cad iad na tríú tíortha ar féidir baint a bheith acu leis an gClár, go hiomlán nó go páirteach, agus na coinníollacha faoinar féidir leo a bheith páirteach ann. Sainaithnítear sa Chaibidil freisin cé na heintitis atá incháilithe chun cistiú a fháil.

Le Caibidil VI — 'Clársceidealú', sonraítear go gcuirfear an Clár chun feidhme le cláir oibre.

Le Caibidil VII — 'Faisnéis, cumarsáid agus scaipeadh', leagtar amach na ceanglais le haghaidh na ngníomhaithe uile lena mbaineann i dtaobh scaipeadh faisnéise, poiblíochta agus obair leantach maidir leis na bearta uile atá ag fáil tacaíocht faoin gClár.

Le Caibidil VIII — 'Córas bainistíochta agus iniúchóireachta', bunaítear an fhoráil maidir le bunú agus feidhmiú chomhlachtaí cur chun feidhme an Chláir. I dtéarmaí bainistíochta, is comhcheangal idir bainistíocht neamhdhíreach agus bainistíocht dhíreach an sásra seachadta atá molta. Cuireann an comhcheangal modhanna bainistíochta le struchtúir reatha an chláir reatha. Beidh na gníomhaireachtaí náisiúnta i gceannas ar thromlach mór chistí an Chláir a bhainistiú. Leis an gCaibidil, leagtar amach an córas maoirseachta is gá chun a áirithiú go dtabharfar aird chuí ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais nuair a chuirtear bearta arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme.

Le Caibidil IX — 'Forálacha idirthréimhseacha agus críochnaitheacha' leagtar amach na forálacha riachtanacha chun an t-aistriú idir cláir a áirithiú. Leagtar amach sna forálacha críochnaitheacha dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin atá beartaithe, a bheidh ina cheangal go huile agus go hiomlán agus a bheidh infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

2025/0222 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear an clár Erasmus+ don tréimhse 2028–2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 165(4), 166(4) agus 214(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[35],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[36],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ní mór don Aontas tacú lena phobail agus iad a ullmhú, ó aois óg, leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá chun go n-éireoidh leis an bhfoghlaim, leis an obair agus leis an saol. Chun é sin a chumasú, ní mór don Aontas córais oideachais agus oiliúna a fheidhmiú, atá solúbtha, nuálach agus cuimsitheach, atá in ann tallann a chothú, a mhealladh agus a choinneáil, coinneáil suas le luas agus raon feidhme na gclaochluithe leanúnacha sochaíocha, digiteacha, comhshaoil agus eacnamaíocha, freagairt do na dúshláin dhéimeagrafacha agus do riachtanais scileanna na sochaí agus an gheilleagair, bearnaí scileanna a líonadh agus riachtanais tionscail in earnálacha criticiúla a shásamh.

(2) Is comhphobal luachanna é an tAontas atá fréamhaithe i stair agus i bhféiniúlacht na hEorpa agus atá fréamhaithe sa Chonradh ar an Aontas Eorpach. Is scil riachtanach saoil é tuiscint a fháil ar na luachanna sin, lena n-áirítear cearta bunúsacha agus an daonlathas, agus tá sé ríthábhachtach chun páirt a ghlacadh sa díospóireacht pholaitiúil agus sa chinnteoireacht. Cuidíonn gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna, óige agus spóirt leis na scileanna agus na hinniúlachtaí a thabhairt do shaoránaigh chun páirt rathúil, ghníomhach agus fhóinteach a ghlacadh sa saol daonlathach agus sa tsochaí ar an iomlán, agus chun cuidiú le daoine nascadh le luachanna comhroinnte agus iad a chosaint.

(3) Is ar an dlúthpháirtíocht atá an tAontas bunaithe, i measc a shaoránach agus i measc na mBallstát araon. Treoraíonn an luach uilíoch sin gníomhaíochtaí an Aontais agus

[35] IO C […], […], lch. […]. .
[36] IO C […], […], lch. […]. .

soláthraíonn sé an aontacht is gá chun dul i ngleic le dúshláin shochaíocha, ar dúshláin iad a bhfuil daoine aonair toilteanach aghaidh a thabhairt orthu sa chleachtas, go háirithe trí shaorálaíocht.

(4) Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an deis ag gach duine, beag beann ar a gcúlra pearsanta, sóisialta, eacnamaíoch nó cultúrtha, páirt a ghlacadh in eispéireas soghluaisteachta thar lear ó aois óg, nuair a chruthaítear luachanna agus dearcthaí agus nuair is mó a bhíonn daoine aonair sásta eispéiris agus tionchair nua a fháil. Is féidir le nochtadh luath do thimpeallachtaí, do chultúir, do theangacha agus do bhealaí beatha éagsúla cuidiú le steiréitíopaí a bhriseadh síos, tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn, agus luachanna an mheasa, na caoinfhulaingthe agus na dlúthpháirtíochta a chothú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hEoraip níos aontaithe agus níos comhchuí.

(5) Chun sochaithe cuimsitheacha, comhtháite agus athléimneacha a thógáil, agus iomaíochas an Aontais a chothú, ní mór infheistíocht a dhéanamh i ndeiseanna foghlama do chách, gan beann ar chúlra ná ar acmhainn, trí chomhar idir na Ballstáit agus eagraíochtaí atá gníomhach sa réimse, agus i bhforbairt beartas nuálaíoch sna réimsí maidir le hoideachais agus oiliúint, an óige agus spórt. Rannchuidíonn infheistíocht den sórt sin freisin le féiniúlacht Eorpach, le cearta agus luachanna bunúsacha agus le hAontas níos daonlathaí a neartú.

(6) I gcomhréir le Straitéis an Aontais um Aontas na hUllmhachta[37], ba cheart ullmhacht, athléimneacht, rannpháirtíocht sa saol daonlathach agus rannpháirtíocht shibhialta a chothú trí chur chuige ón mbun aníos, lena spreagfaí eagraíochtaí agus institiúidí chun ról lárnach a bheith acu maidir le litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin, smaointeoireacht chriticiúil, rannpháirtíocht shibhialta a chur chun cinn, agus foghlaim faoin daonlathas agus faoin tsaoránacht a chothú. Ní mór do dhaoine agus do phobail ar fud an Aontais páirt ghníomhach a ghlacadh chun géarchéimeanna a chosc agus chun a bheith ullmhaithe a ndóthain chun freagairt dóibh.

(7) Léiríonn réimsí gníomhaíochta agus cuspóirí coiteanna idir an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach 2021–2027 agus cláir Erasmus+ an fhéidearthacht maidir le sineirgíocht fheabhsaithe agus comhleanúnachas rialála. Trí gach deis soghluaisteachta foghlama, saorálaíochta, comhair agus saoránachta gníomhaí a thabhairt le chéile, soláthraítear pointe iontrála aonair do na deiseanna uile a chuireann an tAontas ar fáil do dhaoine óga agus d'eagraíochtaí atá gníomhach i réimse na hóige, rud a fhágann gur féidir cur chuige níos comhordaithe agus níos éifeachtaí a bheith ann, agus rochtain níos éasca do rannpháirtithe agus tairbhithe féideartha.

(8) Sa chomhthéacs seo, tá sé riachtanach Erasmus+ 2028–2034, Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint agus i réimsí na hóige agus an spóirt freisin (an 'Clár'), a bhunú mar chlár a thiocfaidh i gcomharbas ar Chlár Erasmus+[38] 2021–2027 agus ar Chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh,[39] lena gcuimsítear gníomhaíochtaí i réimse an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt agus lena mbunaítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil.

---

37 Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Eorpach um Aontas na hUllmhachta (Join/2025/130 final)).

38 Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt (IO L 189, 28.5.2021).

39 Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh (IO L 202, 8.6.2021).

(9) I dtimpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil gá le creat airgeadais ilbhliantúil níos solúbtha agus le cláir chaiteachais an Aontais. Chuige sin, agus i gcomhréir le cuspóirí chlár Erasmus+, ba cheart breithniú cuí a dhéanamh sa chistiú ar na riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí an Aontais mar a shainaithnítear iad i ndoiciméid ábhartha arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún, i gconclúidí ón gComhairle agus i rúin ó Pharlaimint na hEorpa, agus intuarthacht leordhóthanach á háirithiú do chur chun feidhme an bhuiséid.

(10) Ba cheart don Chlár tacú le cur chun feidhme Aontas na Scileanna[40] agus na gcreataí straitéiseacha foriomlána le haghaidh chomhar beartais an Aontais i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear na cláir oibre beartais don oideachas scoile, don ardoideachas, don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint agus don fhoghlaim aosach, lena n-áirítear uas-sciliú agus athsciliú, chun go mbeidh saoránaigh in ann inniúlachtaí agus scileanna a fhorbairt ag gach céim dá saol chun go mbeidh rath orthu sa tsochaí.

(11) I gcomhréir le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh[41], leis an gClár Oibre Eorpach don Obair Óige[42] agus le Teachtaireacht 2024 maidir le hoidhreacht Bhliain Eorpach na hÓige 2022[43], ba cheart don Chlár tacú le rannpháirtíocht fhóinteach daoine óga agus eagraíochtaí óige i gcinnteoireacht agus i gceapadh beartas, i bpríomhshruthú na hóige ar fud na réimsí beartais, i mbailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, in obair óige ardcháilíochta agus i bhforbairt inniúlachta oibrithe óige. Leanfaidh an clár de thacaíocht a thabhairt do gach duine óg chun páirt a ghlacadh sa tsoghluaisteacht foghlama agus sa tsoghluaisteacht foghlama seachfhoirmiúla, lena n-áirítear malartuithe ógra agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta óige, agus é mar chuspóir rannpháirtíocht daoine óga a mhealladh agus a chumhachtú chun inniúlachtaí a shealbhú agus a fhorbairt don saol agus dá dtodhchaí ghairmiúil, a bheith ina saoránaigh ghníomhacha agus páirt a ghlacadh sa saol eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha, daonlathach agus polaitiúil, agus iad a nascadh leis an tionscadal Eorpach agus rannchuidiú le hAontas cuimsitheach, iomaíoch agus athléimneach a thógáil.

(12) Ba cheart don Chlár tacú le rannpháirtíocht sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp do chách, i gcomhréir le Plean Oibre an Aontais don Spórt 2024–2027[44]. Dá bhrí sin, is gá díriú, go háirithe, ar spóirt an phobail, agus an ról tábhachtach a bhíonn ag an spórt maidir le stíleanna maireachtála sláintiúla, caidreamh idirphearsanta, cuimsiú sóisialta

---

40 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Aontas na Scileanna (COM/2025/90 final).

41 Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019–2027 (IO C 456, ST/14944/2018/INIT, 18.12.2018).

42 Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir leis an gCreat chun Clár Oibre Eorpach don Obair Óige 2020/C 415/01 a bhunú (IO C 415, 1.12.2020).

43 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Bliain Eorpach na hÓige 2022 (COM/2024/1 final, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/en/txt/?uri=celex:52024dc0001)

44 Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (1 Iúil 2024 — 31 Nollaig 2027), (IO C, C/2024/3527, 3.6.2024).

agus comhionannas a chur chun cinn chomh maith le pobail chomhtháite a thógáil á gcur san áireamh.

(13) Leis an gclaochlú digiteach, tá athrú tagtha ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar le tionchar síormhéadaitheach ar an saol laethúil agus léiríodh go bhfuil gá le leibhéil níos airde ullmhachta digití agus acmhainneachta san oideachas agus san oiliúint chomh maith leis an ngéarghá atá le forbairt scileanna digiteacha do chách ar fud an Aontais.

(14) Tá ról ríthábhachtach ag an bhfoghlaim fhoirmiúil, neamhfhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil maidir le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, feasacht a mhúscailt agus na scileanna agus na príomhinniúlachtaí is gá chun iompraíochtaí pearsanta a athrú a chothú. Cuideoidh an Clár le daoine a chumhachtú chun gníomhú ina bpobail faoi seach agus chun na scileanna is gá a fhorbairt chun aistriú glan rathúil a bhaint amach, i gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan.

(15) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag gné idirnáisiúnta an Chláir deiseanna a chur ar fáil maidir le soghluaisteacht foghlama, comhar agus idirphlé beartais le tríú tíortha nach comhpháirtithe sa Chlár iad, ag tógáil ar thaithí na gclár a bhí ann roimhe sin, lena n-áirítear rannchuidiú le hiomaíochas an Aontais, agus cosaint leasanna slándála eacnamaíche an Aontais á háirithiú ag an am céanna. Chun tionchar na ngníomhaíochtaí sin a mhéadú, tá sé tábhachtach sineirgí idir an Clár agus an Eoraip Dhomhanda a fheabhsú, agus méadú an Aontais, an Straitéis Global Gateway agus na creataí beartais oideachais agus oiliúna, óige agus spóirt á gcur san áireamh.

(16) Ba cheart don Chlár tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha a thabhairt níos gaire don sprioc atá acu aontú don Aontas. Ba cheart don Chlár cobhsaíocht, comhpháirtíochtaí agus forbairt scileanna a chur chun cinn, le tíortha sa chomharsanacht máguaird, lena n-áirítear trí naisc le réigiún na Meánmhara a fheabhsú. Trí chomhar le tíortha eile ar fud an domhain, ba cheart don Chlár freisin daoine tréitheacha a mhealladh ar fud an domhain, agus comhpháirtíochtaí a mhúnlú, go háirithe chun iomaíochas an Aontais a chur chun cinn. Ba cheart don Chlár tacú le tíortha a n-institiúidí agus a n-eagraíochtaí a nuachóiriú agus, ar bhonn níos ginearálta, cáilíocht agus cuimsitheacht an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt a fheabhsú trí chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta.

(17) Ba cheart cur chun feidhme an Chláir a bheith bunaithe ar phrionsabail agus luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas agus ar an smacht reachta, agus ar an dlúthpháirtíocht, mar a chumhdaítear faoi seach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus dá dtagraítear i mbrollach Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go n-urramóidh na páirtithe uile a bhfuil baint acu leis an gClár na prionsabail agus na luachanna sin. Ba cheart don Chlár freisin urraim a thabhairt do na prionsabail a leagtar amach i dTreoirlínte 2017 de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Linbh a Chur chun Cinn agus a Chosaint agus in Airteagal 9 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus straitéisí maidir le hAontas an Chomhionannais.

(18) Ba cheart leis an gClár rannpháirtíocht a spreagadh, go háirithe rannpháirtíocht daoine óga, i saol daonlathach na hEorpa, lena n-áirítear trí thacú le gníomhaíochtaí lena rannchuidítear le hoideachas saoránachta, lena gcothaítear scileanna atá riachtanach le haghaidh rannpháirtíocht shibhialta ina bhféadfaidh daoine óga páirt a ghlacadh sa tsochaí shibhialta agus foghlaim faoin dóigh le bheith rannpháirteach inti, rud a mhúsclaíonn feasacht faoi luachanna Eorpacha comhchoiteanna, lena n-áirítear cearta

bunúsacha, idirghníomhaíocht le cinnteoirí ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach a éascú agus rannchuidiú leis an bpróiseas lánpháirtithe Eorpaigh freisin. Ba cheart leis an gClár tacú freisin le deiseanna agus sásraí a chruthú le haghaidh rannpháirtíocht fhóinteach na hóige.

(19) Ba cheart leis an gClár deiseanna inrochtana, cuimsitheacha agus sábháilte a chur ar fáil do dhaoine óga agus d'eagraíochtaí chun dlúthpháirtíocht a léiriú, cabhrú leo tacú le pobail agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha, agus taithí agus scileanna luachmhara á bhfáil san am céanna dá bhfás pearsanta agus dá n-infhostaitheacht.

(20) Eispéireas saibhir i gcomhthéacs na foghlama seachfhoirmiúla agus na foghlama neamhfhoirmiúla atá sa tsaorálaíocht, lena gcuirtear ar chumas daoine óga dlúthpháirtíocht a léiriú agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí lena rannchuidítear le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha agus dhaonnúla agus feabhsaítear léi forbairt phearsanta, shochoideachasúil agus ghairmiúil saoránacht ghníomhach, rannpháirtíocht shibhialta agus infhostaitheacht. Dá bhrí sin, ba cheart leis an gClár tacú freisin le gníomhaíochtaí saorálaíochta 'an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh', lena n-áirítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil. Cumhdaíodh na gníomhaíochtaí sin faoi chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh i gclárthréimhse 2021–2027.

(21) D'fhonn feabhas a chur ar chur chun cinn na dlúthpháirtíochta agus ar infheictheacht na cabhrach daonnúla agus an chomhair um fhorbairt i measc shaoránaigh na hEorpa, is gá dlúthpháirtíocht a fhorbairt idir Ballstáit agus tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gclár, agus tríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis, atá thíos le tubaistí ó ghuaiseacha nádúrtha agus ó rioscaí antrapaigineacha. Ba cheart don Chór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil rannchuidiú le freagairt chomhordaithe riachtanais-bhunaithe ón Aontas, agus cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo.

(22) Ba cheart leanúint de sheans a thabhairt do dhaoine óga, go háirithe iad siúd ar lú na deiseanna atá acu, eispéireas céaduaire a bheith acu ag taisteal ar fud na hEorpa mar chuid de ghníomhaíocht oideachasúil sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, arb é is aidhm di a mbraistint muintearais leis an Aontas a chothú agus cur ar a gcumas dóibh léargas a fháil ar an éagsúlacht chultúrtha agus teanga a bhaineann leis.

(23) I réimse an spóirt, trí dheiseanna soghluaisteachta agus fothú acmhainneachta, lena n-áirítear comhar, ba cheart leis an gClár luachanna coiteanna Eorpacha, saorálaíocht, agus forbairt nuálaíochta agus scileanna a chothú sa spórt agus tríd an spórt. Ba cheart leis an gClár dea-rialachas, sábháilteacht agus ionracas sa spórt, agus taidhleoireacht spóirt a chur chun cinn, tacú le heagraíochtaí spóirt an phobail, chomh maith le deis a thabhairt do dhaoine óga ar fud na hEorpa páirt a ghlacadh i dtionscnaimh spóirt trasteorann, lena gcothófar fás pearsanta, malartú cultúrtha, dlúthpháirtíocht agus rannpháirtíocht an phobail.

(24) Cuireann an Clár go mór le hAontas na Scileanna agus leis an Limistéar Eorpach Oideachais, lena leagtar síos an bonn chun scileanna agus inniúlachtaí a fhoirmiú ar feadh an tsaoil agus lena soláthraítear fíorspás coiteann d'oideachas ar ardchaighdeán agus d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil thar theorainneacha. Is é is aidhm d'Aontas na Scileanna dlús a chur leis na hiarrachtaí chun oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil ar ardchaighdeán a bhaint amach trí bhunscileanna agus ardscileanna a sholáthar, deiseanna a chur ar fáil do dhaoine scileanna nua atá dírithe ar an todhchaí a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus scileanna nua atá dírithe ar an todhchaí a shealbhú, cúrsaíocht scileanna agus earcaíocht arna déanamh ag gnólachtaí ar fud an

Aontais a éascú, agus na daoine is mó tallann a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil san Eoraip. I gcomhréir le hAontas na Scileanna, ba cheart don Chlár tábhacht an oideachais fiontraíochta agus na litearthachta airgeadais a léiriú freisin.

(25) Tá sé tábhachtach rochtain ar fhoghlaim, ar theagasc agus ar thaighde ar an Aontas, ar luachanna agus ar shaoránacht a spreagadh agus a leathnú. Tá sé thar a bheith tábhachtach muintearas agus gealltanas Eorpach a chothú i bhfianaise na ndúshlán atá os comhair an Aontais sa lá atá inniu ann. Ba cheart go leanfadh an Clár de rannchuidiú le foghlaim faoi chúrsaí lánpháirtíochta Eorpaí, lena n-áirítear na dúshláin agus na deiseanna a bheidh ag an Aontas amach anseo, chun díospóireacht a chur chun cinn ar na hábhair sin agus chun barrfheabhas i léann na lánpháirtíochta Eorpaí a fhorbairt.

(26) Rannchuidíonn foghlaim teangacha le tuiscint fhrithpháirteach idir daoine agus cultúir, agus cothaítear soghluaisteacht laistigh den Aontas agus lasmuigh de, ós rud é gur scileanna bunriachtanacha saoil agus poist iad inniúlachtaí teanga. Dá bhrí sin, leis an gClár ba cheart foghlaim teangacha a fheabhsú, lena n-áirítear teangacha náisiúnta comharthaíochta, i gcás inarb ábhartha. tá sé tábhachtach an t-ilteangachas a bheith ina phríomhphrionsabal i gcur chun feidhme an Chláir.

(27) Tá méadú ag teacht ar an dúshlán atá roimh an Eoraip maidir le freastal ar an éileamh ar thallann oilte in earnálacha straitéiseacha agus in earnálacha atá ag teacht chun cinn amhail teicneolaíochtaí glana agus ciorclacha, iompar, fuinneamh, athléimneacht uisce, cúram sláinte, teicneolaíochtaí digiteacha, aeraspás agus cosaint. Chun aghaidh a thabhairt ar an bpríomhriachtanas sin, tá sé ríthábhachtach daoine éirimiúla a fhorbairt, a mhealladh agus a choinneáil sna réimsí sin. I gcomhréir le hAontas na Scileanna, ba cheart, leis an gClár, i measc nithe eile, tacaíocht a thabhairt do mhic léinn an Aontais staidéar a dhéanamh in earnálacha criticiúla den sórt sin agus an tallann is fearr a mhealladh chun na hEorpa trí fheabhas a chur ar tharraingteacht an oideachais agus na hoiliúna agus scoláireachtaí a thairiscint do mhic léinn, lena n-áirítear trí scoláireachtaí Erasmus Mundus. Rannchuideodh sé sin le haghaidh a thabhairt ar na riachtanais scileanna atá ag an margadh saothair, lena n-áirítear le haghaidh earnálacha atá thíos le ganntanas tromchúiseach foirne.

(28) Leis an gcomhar, is féidir cleachtais agus fothú acmhainneachta a mhalartú agus, ar an gcaoi sin, torthaí agus feidhmíocht níos fearr a bhaint, amach chomh maith le gnóthachain éifeachtúlachta trí acmhainní agus eolas a chomhthiomsú. Dá bhrí sin, leis an gClár ba cheart tacú le bearta fothaithe acmhainneachta lena gcuirfear feabhas ar chomhar ar leibhéil éagsúla idir institiúidí agus eagraíochtaí atá gníomhach i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt. Aithnítear leis sin ról lárnach na n-institiúidí agus na n-eagraíochtaí maidir leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a bhfuil gá leo a thabhairt do dhaoine óga i ndomhan athraitheach agus maidir le cabhrú le hinstitiúidí agus le heagraíochtaí atá gníomhach sa réimse a n-acmhainneacht i ndáil le nuálaíocht, cruthaitheacht agus fiontraíocht a chomhlíonadh go cuí, go háirithe laistigh den gheilleagar digiteach.

(29) Ba cheart leis an gClár tacú le comhar straitéiseach fadtéarmach ar an leibhéal institiúideach chun barr feabhais, iomaíochas agus tarraingteacht a chothú agus chun claochlú inbhuanaithe córasach a ghiniúint maidir le heagraíochtaí agus institiúidí óige agus spóirt, i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear trí ghníomhú mar ionaid tástála d'ionstraimí nuálacha oideachais, oiliúna agus forbartha scileanna, trí thacú le comhar le gnó agus le hearnáil na tionsclaíochta. Ba cheart leis an gClár leanúint de thacaíocht a thabhairt d'obair na n-institiúidí oideachais agus oiliúna agus

na mBallstát chun deireadh a chur leis na bacainní atá fós ann ar chomhar trasnáisiúnta agus chun an tairiscint maidir le cláir staidéir chomhpháirteacha thrasnáisiúnta a mhéadú, rud a chuirfidh le Céim Eorpach chomhpháirteach[45].

(30) Ba cheart leis an gClár tacú le croí-mhisean oideachais Chomhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha chun tionchar sistéamach a chumasú a bhainfear amach ar bhealach níos éifeachtúla trí ghníomhaíocht fhadtéarmach ar leibhéal an Aontais, go háirithe chun barr feabhais a threisiú, ilroinnt a laghdú agus tarraingteacht agus cuimsitheacht chórais ardoideachais an Aontais a mhéadú, ionstraimí nuálacha a fhorbairt chun cáilíocht na foghlama agus an teagaisc a mhéadú, scileanna agus inniúlachtaí atá dírithe ar an todhchaí a fhorbairt (amhail IS, cibearshlándáil, inbhuanaitheacht, ETIM), lena n-áirítear na hearnálacha a sainaithníodh cheana san Aontas Scileanna, trí churaclaim ábhartha a sheasfaidh an aimsir, nuálaíocht oideolaíoch, foghlaim ar feadh an tsaoil, micridhintiúir, tallann a chothú agus a mhealladh agus comhar trasnáisiúnta san oideachas a éascú, lena n-áirítear le gnó agus tionscal.

(31) I gcomhréir le creataí agus uirlisí ábhartha an Aontais, ba cheart go rannchuideodh an Clár le forbairt agus cúrsaíocht scileanna, lena n-áirítear trí scéim tacaíochta bunscileanna a bhunú agus trí dhearbhú cáilíochta, trédhearcacht, aitheantas scileanna, inniúlachtaí agus cáilíochtaí, digitiú na scileanna sin, agus bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, bainistiú scileanna agus treoir a chothú. Maidir leis sin, ba cheart leis an gClár tacaíocht a chur ar fáil freisin do phointí teagmhála agus do líonraí ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal Eorpach lena n-éascaítear malairtí tras-Eorpacha agus níos faide i gcéin, agus bealaí foghlama solúbtha a fhorbairt idir réimsí éagsúla oideachais agus oiliúna agus óige agus ar fud socruithe foirmiúla agus seachfhoirmiúla, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt d'éiceachórais micridhintiúr.

(32) Is féidir le hardáin agus uirlisí ar líne um chomhar fíorúil atá áisiúil don úsáideoir ról tábhachtach a bheith acu maidir le tacú le soláthar an oideachais agus na hoiliúna agus an bheartais óige san Aontas agus níos faide i gcéin. Chun úsáid gníomhaíochtaí um chomhair fhíorúil a mhéadú, ba cheart leis an gClár tacú le húsáid níos córasaí agus níos comhleanúnaí ardán ar líne. Ba cheart leis freisin próisis soghluaisteachta a éascú agus tacú leo tríd an digitiú.

(33) Ba cheart an Clár a dhearadh chun cuimsiú, éagsúlacht agus comhdheiseanna a chur chun cinn trí rochtain ar shoghluaisteacht, ar shaorálaíocht agus ar fhoghlaim a leathnú ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin, rud a chuirfeadh ar chumas gach duine tairbhe iomlán a bhaint as eispéireas claochlaitheach.

(34) Ba cheart leis an gClár foráil a dhéanamh maidir le sraith beart chun rochtain do dhaoine ar lú na deiseanna atá acu a éascú agus a mhéadú, chun deireadh a chur leis na bacainní a d'fhéadfadh rochtain den sórt sin a chosc, lena n-áirítear rochtain airgeadais, agus chun fónamh mar bhonn do threoir bhreise maidir le cur chun feidhme. Áirítear ar na bearta sin, i measc nithe eile, tacaíocht airgeadais spriocdhírithe, formáidí foghlama inrochtana, tacaíocht tithíochta, gníomhaíochtaí ullmhúcháin agus tacaíocht do rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu roimh a rannpháirtíocht sa Chlár, lena linn agus ina dhiaidh, doiciméid sholáimhsithe agus

[45] Rún ón gComhairle maidir le lipéad céime Eorpaí comhpháirteach agus na chéad chéimeanna eile i dtreo céim Eorpach chomhpháirteach fhéideartha: borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa agus faoi tharraingteacht an ardoideachais Eorpaigh. (IO C, C/2025/2939, 22.5.2025).

inrochtana atá ar fáil i dteangacha éagsúla, gníomhaíochtaí tacaíochta do bhaill foirne a bhíonn ag déileáil go sonrach le cuimsiú agus éagsúlacht in eagraíochtaí agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta i measc rannpháirtithe ionchasacha ar lú na deiseanna atá acu, lena n-áirítear i gceantair thuaithe agus iargúlta. Ina theannta sin, leis an gClár, ba cheart go mbeifí in ann tosaíocht a thabhairt sa phróiseas chun deontais a dhámhachtain do thionscadail ardcháilíochta lena dtugtar aghaidh go gníomhach ar chuimsiú agus ar rannpháirtíocht rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu.

(35) Chun an Clár a dhéanamh níos inrochtana d'eagraíochtaí nuathagtha agus d'eagraíochtaí ar lú a n-acmhainneacht riaracháin agus chun an Clár a dhéanamh níos inláimhsithe do thairbhithe, ba cheart leis an gClár na bearta chun nósanna imeachta a shimpliú ag gach céim a threisiú.

(1) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais táscach don Chlár. Chun críoch an Rialacháin seo, déantar praghsanna atá ann faoi láthair a ríomh trí dhíbhoilsceoir seasta 2 % a chur i bhfeidhm.

(37) I bhfianaise éagsúlacht na réimsí a chumhdaítear leis an gClár, ba cheart an uaillmhian don óige agus don spórt rannchuidiú go fóinteach le cuspóirí an Chláir agus lena spriocghrúpaí a bhaint amach a choinneáil ar bun.

(38) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46] maidir leis an gClár seo. Leagtar síos leis na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, tabhartais neamhairgeadais, soláthar, bainistíocht indíreach, cúnamh airgeadais, ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais.

(39) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47] , Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle[48], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[49] agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[50], tá leasanna airgeadais an Aontais le cosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus (CE, Euratom) Uimh. 2185/96

---

46 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais. (IO L, 2024/2509, 26.9.2024).

47 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1,).

48 Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23/12/1995, lch. 1).

49 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ar an gcalaois agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

50 Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a fháil amach ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a fhiosrú agus a ionchúiseamh, rud a ndéantar foráil maidir leis i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51]. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ní mór d'aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais, na cearta agus an rochtain is gá a dheonú don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus a áirithiú go ndéanfaidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha a dheonú.

(40) Chun na ceanglais ar thairbhithe a shimpliú, ba cheart úsáid a bhaint a mhéid is féidir as roghanna costais simplithe i bhfoirm cnapshuimeanna, costas aonaid agus rátaí comhréidhe. Ba cheart a chur san áireamh sna costais mhaireachtála agus chothaithe sa tír óstaí roghanna costais simplithe chun tacú le soghluaisteacht foghlama faoin gClár. I gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, ba cheart na Ballstáit a spreagadh na deontais sin a dhíolmhú ó aon cháin agus tobhach sóisialta. ba cheart caitheamh le deontais a dhámhann eintitis dhlítheanacha phoiblí nó phríobháideacha do dhaoine aonair ar an mbealach céanna.

(41) Is iomchuí a áirithiú go gcuirfear clabhsúr ceart le Cláir 2021–2027, go háirithe a mhéid a bhaineann le leanúint de shocruithe ilbhliantúla maidir lena mbainistiú, amhail cúnamh teicniúil agus riaracháin a mhaoiniú. Ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh, ba cheart, más gá, a áirithiú leis an gcúnamh teicniúil agus riaracháin go mbainisteofaí na gníomhaíochtaí nach bhfuil tugtha chun críche faoi Chláir 2021–2027 faoin 31 Nollaig 2027.

(42) I gcomhréir le hAirteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ba cheart leis an gClár staid shainiúil na réigiún is forimeallaí dá dtagraítear san Airteagal sin a chur san áireamh, lena n-áirítear bearta chun a rannpháirtíocht sa Chlár a éascú.

(43) De bhun Airteagal 85(1) de Chinneadh (AE) 2021/1764 ón gComhairle[52], tá daoine agus eintitis atá lonnaithe i dtíortha agus críocha thar lear incháilithe do chistiú faoin gClár faoi réir na rialacha agus na gcuspóirí agus faoi réir aon socrú sonrach is infheidhme maidir leis an mBallstát lena mbaineann an tír nó an chríoch ábhartha thar lear.

(44) Tá an Clár le cur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Feidhmíocht], lena mbunaítear na rialacha maidir le rianú caiteachais agus creat feidhmíochta an bhuiséid, lena n-áirítear rialacha chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach na prionsabail 'gan dochar

---

51 Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

52 Cinneadh (AE) 2021/1764 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear leis an Aontas Eorpach lena n-áirítear caidreamh idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Ghraonlainn agus Ríocht na Danmhairge, den pháirt eile (an Cinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn) (IO L 355, 7.10.2021, lgh. 6–134).

suntasach a dhéanamh' agus comhionannas inscne dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointí (d) agus (f), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, faoi seach, rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais, rialacha maidir le tairseach chistiúcháin de chuid an Aontais a bhunú, rialacha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na cláir, chomh maith le forálacha cothrománacha eile is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais amhail na cinn sin maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht.

(45) D'fhonn an breisluach is fearr a fháil, scála agus tionchar na n-infheistíochtaí a mhéadú, ba cheart sineirgíochtaí a lorg go háirithe idir an Clár agus ionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear trí shásraí cumasúcháin. Ba cheart leis an gClár sineirgí a lorg freisin lena neartaítear an comhar idir an t-oideachas agus an earnáil phríobháideach.

(46) Ba cheart leis an gClár comhlachas iomlán agus páirteach tríú tíortha a chumasú. Ba cheart leis an gClár tacú freisin le rannpháirtíocht tríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár i gcás ina sainaithnítear na tíortha sin sa chlár oibre, ina rannchuidíonn a rannpháirtíocht le cuspóirí an chláir a bhaint amach agus ina bhfuil a rannpháirtíocht fíor-riachtanach chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme.

(47) Ba cheart for-rochtain iomchuí agus chuimsitheach, agus poiblíocht na ndeiseanna a dtacaíonn an Clár leo a áirithiú ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus ba cheart a chur san áireamh leo príomh-spriocghrúpaí an Chláir agus, i gcás inarb ábhartha, raon leathan spriocghrúpaí eile. Thairis sin, ba cheart don Choimisiún agus do na comhlachtaí cur chun feidhme comhroinnt dea-chleachtas agus torthaí tionscadail a éascú agus aiseolas a bhailiú faoin gClár.

(48) Ba cheart go mbainfeadh an Clár leas as acmhainneacht iar-rannpháirtithe i gClár Erasmus+ agus go dtacódh sé le gníomhaíochtaí gaolmhara trí iad a spreagadh chun an Clár a chur chun cinn.

(49) Ba cheart bearta a dhéanamh chun bainistiú an Chláir a chuíchóiriú agus chun barainneachtaí scála a bhaint amach, lena n-áirítear trí líon na ngníomhaireachtaí náisiúnta a theorannú agus a laghdú.

(50) Aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/817[53] agus (AE) 2021/888[54] le héifeacht ón 1 Eanáir 2028.

(51) Chun leanúnachas a áirithiú maidir le tacaíocht a sholáthar sa réimse beartais ábhartha agus ionas go bhféadfar tús a chur leis an gcur chun feidhme ó thús CAI 2028–2034, ba cheart an Rialachán seo teacht i bhfeidhm agus feidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2028.

---

[53] Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 (IO L 189, 28.5.2021, lch. 1).

[54] Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1475 agus (AE) Uimh. 375/2014 (IO L 202, 8.6.2021, lch. 32).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear leis an Rialachán seo Erasmus+, clár gníomhaíochta an Aontais i réimsí an oideachais agus na hoiliúna agus freisin i réimsí na hóige agus an spóirt (‘an Clár’) agus leagtar síos leis cuspóirí an Chláir, a bhuiséad don tréimhse 2028–2034, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar. Bunaítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil leis an Rialachán seo freisin.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘foghlaimeoir fásta’ duine a d’fhág nó a chríochnaigh an t-oideachas agus an oiliúint tosaigh agus a ghabhann d’fhoghlaim fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil, lena n-áirítear NEET;

(2) ciallaíonn ‘foghlaim aosach’ aon chineál foghlama foirmiúla, seachfhoirmiúla nó neamhfhoirmiúla do dhaoine fásta, lena gcuimsítear deiseanna le haghaidh forbairt scileanna, uas-sciliú agus athsciliú le haghaidh iomaíochais, comhtháthú sóisialta a fheabhsú agus tacú le rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí;

(3) ciallaíonn ‘spórt an phobail’ gníomhaíochtaí fóillíochta fisiciúla arna gcleachtadh go tráthrialta ar an leibhéal neamhghairmiúil ag daoine de gach aois, chun críoch sláinte, oideachais nó sóisialta;

(4) ciallaíonn ‘institiúid ardoideachais’ institiúid ina gcuirtear, i gcomhréir le dlí nó cleachtadh réigiúnach, náisiúnta, nó idirnáisiúnta, céimeanna a bhfuil a gcáilíocht dearbhaithe nó cáilíochtaí aitheanta eile ar fáil ar leibhéal an oideachais threasaigh, gan beann ar an ainm a chuirtear ar an bhforas sin, nó institiúid inchomparáide tríú leibhéal eile a mheasann na húdaráis náisiúnta/réigiúnach nó an Coimisiún Eorpach a bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh sa Chlár sna críocha, faoi seach;

(5) ciallaíonn ‘mac léinn ardoideachais’ duine atá cláraithe ag institiúid ardoideachais, lena n-áirítear ar leibhéal gearr-timthriallach, baitsiléara, máistreachta nó dochtúireachta nó a choibhéis, nó duine a chuir céim ó institiúid den sórt sin i gcrích le gairid;

(6) Tagraíonn ‘an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil’ do ghníomhaíochtaí saorálaíochta lena dtacaítear le hoibríochtaí maidir le cabhair dhaonnúil fhadtéarmach iar-ghéarchéime agus le hoibríochtaí comhair um fhorbairt i dtríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, arb é is aidhm dóibh cúnamh riachtanaisbhunaithe a sholáthar atá dírithe ar fhulaingt an duine a chosc agus a

mhaolú, agus dínit mharthanach an duine a chothabháil i gcás géarchéimeanna, agus lena n-áirítear gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh ullmhacht maidir le tubaistí agus laghdú riosca tubaistí a threisiú, fóirithint, athshlánú agus forbairt a nascadh agus rannchuidiú le hathléimneacht agus acmhainneacht pobal leochaileach nó pobal atá thíos le tubaistí a neartú ionas go mbeidh siad in ann déileáil le géarchéimeanna agus téarnamh uathu;

(7) ciallaíonn 'foghlaim neamhfhoirmiúil' foghlaim mar thoradh ar ghníomhaíochtaí laethúla agus ar thaithí laethúil nach bhfuil eagraithe ná struchtúraithe i dtéarmaí cuspóirí, am nó tacaíocht foghlama; d'fhéadfadh sé a bheith neamhbheartaithe ó thaobh an fhoghlaimeora;

(8) ciallaíonn 'comhchlár staidéir' clár arna chomhordú agus arna thairiscint go comhpháirteach ag institiúidí ardoideachais éagsúla ó dhá thír nó níos mó agus a mbeidh dámhachtain céime comhpháirtí mar thoradh air;

(9) ciallaíonn 'foghlaim ar feadh an tsaoil' foghlaim i ngach foirm, bíodh sí foirmiúil, seachfhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil, a tharlaíonn ag gach céim den saol agus as a dtagann feabhas nó nuashonrú ar eolas, scileanna, inniúlachtaí agus dearcthaí, lena n-áirítear trí mhicridhintiúir nó rannpháirtíocht sa tsochaí ó thaobh pearsanta, sibhialta, cultúrtha, sóisialta nó atá bainteach le fostaíocht, amhail seirbhísí comhairleoireachta agus treorach a chur ar fáil; áirítear leis sin oideachas agus cúram na luath-óige, oideachas ginearálta, gairmoideachas agus gairmoiliúint, ardoideachas, foghlaim aosach, obair óige agus suíomhanna foghlama eile a tharlaíonn lasmuigh d'oideachas agus d'oiliúint fhoirmiúil agus go hiondúil cuireann sé comhar trasearnála agus conair foghlama solúbtha chun cinn;

(10) ciallaíonn 'soghluaisteacht foghlama' bogadh go fisiceach go tír eile nach í an tír chónaithe í chun staidéar, oiliúint, teagasc nó foghlaim sheachfhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil a ghabháil ar láimh;

(11) ciallaíonn 'foghlaim sheachfhoirmiúil' foghlaim a bhíonn ar siúl lasmuigh den oideachas agus den oiliúint fhoirmiúil trí ghníomhaíochtaí pleanáilte i dtéarmaí cuspóirí foghlama agus am foghlama agus i gcás ina mbíonn foirm éigin de thacaíocht foghlama ann;

(12) ciallaíonn 'daoine ar lú na deiseanna atá acu' daoine, ar chúiseanna eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha, geografacha nó sláinte nó mar gheall ar a gcúlra imirceach, nó ar chúiseanna amhail míchumas nó deacrachtaí oideachais nó ar aon chúis eile, lena n-áirítear cúis a d'fhéadfadh a bheith ina hidirdhealú faoi Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a mbíonn bacainní rompu a chuireann cosc orthu rochtain éifeachtach a bheith acu ar dheiseanna faoin gClár;

(13) ciallaíonn 'dalta scoile' duine atá cláraithe i gcáil foghlama ag institiúid a sholáthraíonn oideachas ginearálta ar aon leibhéal ó oideachas agus cúram na luath-óige go dtí oideachas meánscoile sinsearach, nó duine a fhaigheann a chuid scolaíochta lasmuigh de shuíomh institiúideach agus a mheasann na húdaráis inniúla a bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh sa Chlár ina gcríocha ar leith;

(14) ciallaíonn 'ball foirne' duine atá bainteach leis an oideachas, an oiliúint nó an oideachas seachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil ar gach leibhéal, bíodh sé sin ar bhonn gairmiúil nó deonach, lena n-áirítear spórt; agus áirítear leis sin foireann acadúil, múinteoirí, oiliúnóirí, ceannairí scoile, oibrithe don óige, baill foirne spóirt, baill foirne in oideachas agus i gcúraim na luath-óige, baill foirne nach baill foirne

oideachasúla iad agus cleachtóirí eile atá rannpháirteach ar bhonn rialta i gcur chun cinn na foghlama;

(15) ciallaíonn ‘tríú tír’ tír nach Ballstát den Aontas Eorpach í;

(16) ciallaíonn ‘foghlaimeoir gairmoideachais agus gairmoiliúna’ duine atá cláraithe ar chlár gairmoideachais agus oiliúna tosaigh nó leanúnach ar aon leibhéal ó leibhéal na meánscoile go dtí leibhéal iar-mheánscoile nó duine a bhain céim amach nó a fuair cáilíocht le déanaí as clár den sórt sin;

(17) ciallaíonn ‘saorálaíocht’ gníomhaíocht neamhíoctha lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin shochaíocha nó dhaonnúla agus a bhfuil gné láidir foghlama ag baint léi;

(18) ciallaíonn ‘daoine óga’ i réimse na hóige daoine atá idir 3 bliana déag d’aois agus tríocha bliain d’aois;

(19) ciallaíonn ‘oibrí don óige’ duine, ar bhonn gairmiúil nó deonach, atá páirteach san fhoghlaim sheachfhoirmiúil agus a thacaíonn le daoine óga maidir lena bhforbairt shochoideachasúil agus ghairmiúil phearsanta agus lena n-inniúlachtaí a fhorbairt; áirítear leis sin daoine a dhéanann gníomhaíochtaí i réimse na hóige a phleanáil, a stiúradh, a chomhordú agus a chur chun feidhme;

Airteagal 3

Cuspóirí an Chláir

1. Is é cuspóir ginearálta an Chláir rannchuidiú le hEoraip athléimneach, iomaíoch agus chomhtháite trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil ar ardchaighdeán a chur chun cinn, scileanna agus inniúlachtaí don saol agus do phoist do chách a fheabhsú, agus luachanna an Aontais, rannpháirtíocht dhaonlathach agus shochaíoch, dlúthpháirtíocht, cuimsiú sóisialta agus comhdheiseanna a chothú san Aontas agus níos faide i gcéin. Beidh an Clár ina phríomhionstraim chun Aontas na Scileanna a thógáil, chun an Limistéar Eorpach Oideachais a fhorbairt a thacóidh le cur chun feidhme an chomhair straitéisigh Eorpaigh i réimse an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear a chláir oibre earnála bhunúsacha.

   Leis an gClár, cuirfear an comhar maidir le beartas na hóige chun cinn agus déanfar an ghné Eorpach sa spórt a fhorbairt tuilleadh. Is é an cuspóir atá ann Eoraip níos cuimsithí, níos aontaithe agus níos láidre a chothú trí dhaoine óga a chumhachtú, naisc phobail a neartú, agus dlúthpháirtíocht a chur chun cinn trí rannpháirtíocht agus comhar fóinteach. Tá ról ríthábhachtach ag an spórt mar spreagadh don chuimsiú sóisialta, don tsláinte, don oideachas agus don fhorbairt pobail. Trí infheistíocht a dhéanamh san óige, san obair dheonach agus sa spórt, tá sé d'aidhm ag an gClár sochaithe níos láidre agus níos nasctha a thógáil, rannpháirtíocht shibhialta agus dhaonlathach a spreagadh, agus rannchuidiú le comhtháthú sóisialta ar gach leibhéal.

2. Tá na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an gClár:

   (a) tacú le feabhas a chur ar an oideachas, ar scileanna agus ar inniúlachtaí agus aird ar leith á tabhairt ar a n-ábharthacht do mhargadh an tsaothair agus d'fhorbairt ghairmiúil agus d'fhás pearsanta an duine aonair agus don mhéid a chuireann siad le sochaí iomaíoch, inbhuanaithe agus chomhtháite;

   (b) braistint féiniúlachta Eorpaí agus saoránachta gníomhaí a chothú, dlúthpháirtíocht agus rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí agus sa daonlathas a fheabhsú, tionchar dearfach ar an tsochaí, athléimneacht níos fearr agus ullmhacht níos fearr a spreagadh chun rioscaí de chineál éagsúil a thuar, a chosc agus freagairt dóibh;

   (c) cáilíocht, cuimsiú, cothromas, inbhuanaitheacht, cruthaitheacht, nuálaíocht, barr feabhais agus comhar trasteorann a chothú, tarraingteacht agus iomaíochas na hEorpa a neartú ar fud an domhain, i ngach réimse den oideachas agus den oiliúint, den óige agus den spórt;

   (d) dul i dteagmháil le daoine óga agus iad a chumhachtú chun inniúlachtaí gairmiúla agus pearsanta a shealbhú agus a fhorbairt, chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí agus sa daonlathas agus chun iad a nascadh leis an tionscadal Eorpach;

   (e) tacú le forbairt beartas, lena n-áirítear le haghaidh cúrsaíocht scileanna, dlús a chur le hathchóirithe agus nuachóiriú ar leibhéal na gcóras, ar fud réimsí uile an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt, lena n-áiritheofar go mbeidh siad níos éifeachtaí, níos athléimní agus níos cuimsithí;

(f) deiseanna atá inrochtana go héasca a chur ar fáil do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus daonnúla a spreagann athruithe dearfacha sochaíocha san Aontas agus níos faide i gcéin (tríd an gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil a chur ar bun), agus a n-inniúlachtaí á bhfeabhsú agus á mbailíochtú go cuí san am céanna, chomh maith lena rannpháirtíocht leanúnach mar shaoránaigh ghníomhacha a éascú;

(g) an tSamhail Eorpach Spóirt a chur chun cinn trí infheistíocht a dhéanamh i spórt an phobail, go háirithe gníomhaíochtaí deonacha, inrochtaineacht a áirithiú, rannpháirtíocht a chur chun cinn, sláine a chosaint, tacú le dea-rialachas, agus ról sóisialta, oideachais agus pobail an spóirt a threisiú, trí ghníomhaíochtaí lena ndírítear ar chóras spóirt atá cothrom, cuimsitheach agus inbhuanaithe a fhorbairt ar fud na hEorpa.

3. Saothrófar cuspóirí an Chláir trí na trí phríomhcholún seo a leanas ag a bhfuil carachtar trasnáisiúnta nó idirnáisiúnta den chuid is mó:

(a) Deiseanna foghlama do chách;

(b) Tacaíocht maidir le fothú acmhainneachta

CAIBIDIL II

RAON FEIDHME NA hIDIRGHABHÁLA

ROINN 1

DEISEANNA FOGHLAMA DO CHÁCH

Airteagal 4

Deiseanna soghluaisteachta foghlama agus oibre deonaí

1. I réimse an oideachais agus na hoiliúna, tacóidh an Clár leis an méid seo a leanas:

(a) Soghluaisteacht foghlama san ardoideachas, idir mhic léinn agus bhaill foirne;

(b) Soghluaisteacht foghlama i ngairmoideachas agus gairmoiliúint, idir fhoghlaimeoirí agus bhaill foirne;

(c) Soghluaisteacht foghlama daltaí scoile agus ball foirne scoile, lena n-áirítear baill foirne in oideachas agus i gcúram na luath-óige;

(d) Soghluaisteacht foghlama foghlaimeoirí fásta agus ball foirne san fhoghlaim aosach.

1. I réimse na hóige, tacóidh an Clár leis an méid seo a leanas:

(a) Soghluaisteacht foghlama daoine óga, lena n-áirítear DiscoverEU, gníomhaíochtaí lena dtacaítear le rannpháirtíocht na hóige agus le soghluaisteacht foghlama oibrithe óige;

(b) Obair dheonach ‘an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh’, lena n-áirítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil.

2. I réimse an spóirt, tacóidh an Clár le soghluaisteacht foghlama lúthchleasaithe agus daoine atá gníomhach i spórt an phobail agus i soghluaisteacht foghlama na foirne spóirt.

3. Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith ag gabháil leis an tsoghluaisteacht foghlama faoin Airteagal seo:

(a) tacaíocht do theagasc agus d’fhoghlaim faoin Aontas, lena n-áirítear lánpháirtiú, luachanna agus saoránacht na hEorpa;

(b) bearta amhail tacaíocht teanga, cuairteanna ullmhúcháin, oiliúint agus comhar fíorúil.

Airteagal 5

Deiseanna forbartha tallainne agus barr feabhais

I réimse an oideachais agus na hoiliúna, tacóidh an Clár leis an méid seo a leanas:

(a) Scoláireachtaí Erasmus+ i réimsí straitéiseacha oideachais, lena n-áirítear i gcláir staidéir chomhpháirteacha;

(b) Scoláireachtaí Erasmus Mundus;

(c) Gníomhartha Jean Monnet i réimse an ardoideachais;

(d) Tacaíocht a thabhairt d’institiúidí Jean Monnet seo a leanas a bhfuil aidhm leasa Eorpaigh á saothrú acu: an Institiúid Ollscoile Eorpach, Flórans, lena n-áirítear Scoil an Rialachais Thrasnáisiúnaigh; Coláiste na hEorpa (Brugge, lena n-áirítear a fhochuideachta i dTiorána, agus i gcampais Natolin); an Institiúid Eorpach um Riarachán Poiblí, Maastricht; Acadamh an Dlí Eorpaigh, Trier; an Ghníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus um Oideachas Cuimsitheach, Odense; agus an tIonad Idirnáisiúnta d’Oiliúint Eorpach, Nice.

ROINN 2

TACAÍOCHT MAIDIR LE FOTHÚ ACMHAINNEACHTA

Airteagal 6

Comhar i measc eagraíochtaí agus institiúidí

Tacóidh an Clár leis an méid seo a leanas:

(a) Comhpháirtíochtaí le haghaidh comhair, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí ar mionscála chun rochtain níos leithne agus níos cuimsithí ar an gClár a chothú;

(b) Comhpháirtíochtaí le haghaidh barr feabhais agus nuálaíochta, a chuireann le Comhghuaillíochtaí d’Ollscoileanna Eorpacha, Ionaid Barr Feabhais Gairme, Acadaimh Múinteoirí Eorpacha, Comhaontais

Scoileanna Eorpacha, cláir staidéir chomhpháirteacha, Comhghuaillíochtaí Comhoibríocha Óige na hEorpa le Chéile agus Spóirt.

Airteagal 7

Tacaíocht d'fhorbairt beartas

Tacóidh an Clár leis an méid seo a leanas:

(a) Cláir oibre beartas agus uirlisí an Aontais, lena gcumhdaítear scileanna, oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt, a thástáil, a ullmhú agus a chur chun feidhme[55];

(b) Cur chun feidhme an chláir lena n-áirítear sineirgí le beartais agus cláir eile de chuid an Aontais, agus tacaíocht dóibh, ardáin ar líne, uirlisí le haghaidh comhar fíorúil agus uirlisí chun soghluaisteacht foghlama a éascú;

(c) Scaipeadh agus cumarsáid.

[55] Go sonrach: an Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF); an Creat Tagartha Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta i nGairmoideachas agus Gairmoiliúint (EQAVET) an Clár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas; Líonra Eorpach na Lárionad Faisnéise sa Réigiún Eorpach agus na Lárionaid Náisiúnta Faisnéise um Aitheantas Acadúil san Aontas Eorpach, líonra Euroguidance, an creat coiteann agus uirlisí chun seirbhísí níos fearr a sholáthar do scileanna agus do cháilíochtaí (Europass), Líonra Eurydice, Comhordaitheoirí Náisiúnta don Fhoghlaim Aosach, na Seirbhísí Tacaíochta Lárnacha agus Náisiúnta d'ardáin ar líne, limistéar Eorpach an Ardoideachais agus na Pointí Tagartha Náisiúnta maidir le rianú céimithe, líonra vicí na hÓige, líonra Eurodesk, Fóram Eorpach na hÓige, Youthpass, na Meithleacha Náisiúnta a chuireann Idirphlé Óige an Aontais chun feidhme agus na Comhlachtaí Comhordúcháin Náisiúnta a chuireann Seachtain Eorpach an Spóirt chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta.

CAIBIDIL III

AN CUIMSIÚ AGUS AN ÉAGSÚLACHT

Airteagal 8

Bearta tacaíochta um chuimsiú agus éagsúlacht

1. Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, áiritheoidh an Coimisiún, na Ballstáit agus tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár cur chuige cuimsitheach ar fud na ngníomhaíochtaí uile.

4. Déanfaidh an Coimisiún, na Ballstáit agus tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár bearta éifeachtacha chun cuimsiú, éagsúlacht agus cothroime, dlúthpháirtíocht agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn, go háirithe chun rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu sa Chlár a áirithiú.

5. Tacóidh an Coimisiún le rochtain ar an gClár ó aois óg agus neamhspleách ar chúlra socheacnamaíoch. Chun é sin a bhaint amach, áiritheoidh sé go soláthrófar bearta chun rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu a éascú, lena n-áirítear sásraí tacaíochta airgeadais, i gcás inarb ábhartha.

6. Féadfaidh an Coimisiún coigeartú a dhéanamh, nó féadfaidh sé údarú a thabhairt do na gníomhaireachtaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 19 coigeartú a dhéanamh, ar bhonn critéir oibiachtúla, ar na sásraí tacaíochta airgeadais chun feabhas a chur ar rochtain ar dhaoine ar lú na deiseanna atá acu.

7. Costais na mbeart chun rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu a éascú nó chun tacú léi, ní bheidh siad ina n-údar le diúltú d'iarratas faoin gClár.

8. Déanfaidh na gníomhaireachtaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 19 pleananna gníomhaíochta náisiúnta maidir le cuimsiú agus éagsúlacht a fhorbairt nó a thabhairt cothrom le dáta i gcás inarb ábhartha, bunaithe ar an gcreat, agus aird ar leith á tabhairt ar na dúshláin shonracha a bhaineann le rochtain a fháil ar an gclár laistigh de na comhthéacsanna náisiúnta. Beidh na pleananna náisiúnta um chuimsiú agus éagsúlacht ina gcuid dhílis de dhoiciméid phleanála na ngníomhaireachtaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 19(2).

9. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar bhonn rialta ar chur chun feidhme na mbeart cuimsithe agus éagsúlachta, lena n-áirítear na pleananna náisiúnta cuimsithe agus éagsúlachta.

CAIBIDIL IV

FORÁLACHA AIRGEADAIS

Airteagal 9

Buiséad

1. Is é EUR 40 827 000 000 i bpraghsanna reatha an t-imchlúdach airgeadais táscach maidir le cur chun feidhme an Chláir don tréimhse 2028–2034.

2. Anuas ar na méideanna a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, agus chun gné idirnáisiúnta an Chláir a chur chun cinn, cuirfear rannchuidiú airgeadais breise ar fáil de bhun Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Eoraip Dhomhanda] chun tacú le gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme agus a bhainistítear i gcomhréir leis an Rialachán seo. Beidh an rannchuidiú sin i gcomhréir le doiciméad clársceidealaithe aonair arna tharraingt suas faoi Rialachán (AE) XXX [an Eoraip Dhomhanda].

10. Féadfar leithreasuithe a iontráil i mbuiséad an Aontais tar éis 2034 chun na costais is gá a chumhdach agus chun go mbeifear in ann gníomhaíochtaí a bhainistiú nach mbeidh curtha i gcrích faoin am a thiocfaidh deireadh leis an gClár.

11. Féadfar an t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo agus méideanna na n-acmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 10 a úsáid freisin le haghaidh cúnamh teicniúil agus riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, córais agus ardáin teicneolaíochta faisnéise shonracha agus chorparáideacha, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach faoi thosaíochtaí polaitiúla an Aontais, agus gach cúnamh teicniúil agus riaracháin eile nó gach speansas eile a bhaineann leis an bhfoireann arna dtabhú ag an gCoimisiún chun an Clár a bhainistiú.

Airteagal 10

Acmhainní breise

1. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó tríú páirtithe eile, ranníocaíochtaí airgeadais nó neamhairgeadais breise a dhéanamh leis an gClár. Is ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(2), pointí (a), (d), nó (e) nó Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a bheidh sna ranníocaíochtaí airgeadais breise.

12. Acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoi bhainistíocht chomhroinnte, féadfar iad a chur ar fáil don Chlár, ach na Ballstáit é sin a iarraidh. Déanfaidh an Coimisiún na hacmhainní sin a chur chun feidhme go díreach nó go hindíreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (a) nó (c) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Beidh siad sa bhreis ar an méid dá dtagraítear in Airteagal 9(1). Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann. I gcás nach bhfuil gealltanas dlíthiúil tugtha ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach ná faoi bhainistíocht indíreach maidir le méideanna breise arna gcur ar fáil don Chlár ar an dóigh sin, féadfar na

méideanna comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais chuig clár foinseach faoi leith amháin nó níos mó nó chuig a gcomharbaí, ach an Ballstát lena mbaineann é sin a iarraidh.

Airteagal 11

Cistiú malartach, comhcheangailte agus carnach

1. Cuirfear an Clár chun feidhme i bpáirt le cláir eile de chuid an Aontais. Gníomhaíocht a bhfuil ranníocaíocht ón Aontas faighte aici ó chlár eile, féadfaidh sí ranníocaíocht a fháil faoin gClár freisin. Beidh feidhm ag rialacha an chláir ábhartha de chuid an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach, sin nó féadfar sraith aonair rialacha a chur i bhfeidhm maidir leis na ranníocaíochtaí uile agus féadfar gealltanas dlíthiúil aonair a thabhairt i gcrích. Más ar chostais incháilithe a bhunaítear an ranníocaíocht ón Aontas, ní rachaidh an tacaíocht charnach ó bhuiséad an Aontais thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta agus féadfar í a ríomh ar bhonn *pro rata* i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht.

13. Féadfar nósanna imeachta dámhachtana faoin gClár a sheoladh go comhpháirteach faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach leis na Ballstáit, le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, le tríú tíortha, le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó le tríú páirtithe eile (‘comhpháirtithe sa nós imeachta um dhámhachtain chomhpháirteach’), ar choinníoll go n-áirithítear cosaint leasanna airgeadais an Aontais. Beidh na nósanna imeachta sin faoi réir sraith aonair rialacha agus tabharfar gealltanais dhlíthiúla aonair i gcrích dá dtoradh. Chun na críche sin, na comhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach, féadfaidh siad acmhainní a chur ar fáil don Chlár i gcomhréir le hAirteagal 10, nó féadfar a chur de chúram ar na comhpháirtithe an nós imeachta dámhachtana a chur chun feidhme, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. I nósanna imeachta um dhámhachtain chomhpháirteach, féadfaidh ionadaithe na gcomhpháirtithe sa nós imeachta um dhámhachtain chomhpháirteach a bheith ina gcomhaltaí den choiste meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 153(3) de Rialachán (AE, EURATOM) 2024/2509 freisin.

Airteagal 12

Cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin ón Aontas

1. Cuirfear an Clár chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach trí bhíthin eintitis dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c) den Rialachán sin.

14. Déanfar na cistí a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach i mBallstát a leithdháileadh ar bhonn na nithe seo a leanas:

    (a) an daonra agus an costas maireachtála sa Bhallstát lena mbaineann;

    (b) an t-achar idir príomhchathracha na mBallstát;

    (c) feidhmíocht, arna ríomh bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil.

15. Déanfaidh an Coimisiún na critéir agus na foirmlí bunúsacha a shonrú a thuilleadh sa chlár oibre, dá dtagraítear in Airteagal 15.

16. Féadfar cistiú ón Aontas a sholáthar in aon fhoirm i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, go háirithe deontais, duaiseanna, soláthar, agus tabhartais neamhairgeadais.

17. I gcás ina soláthrófar cistiú ón Aontas i bhfoirm deontais, soláthrófar cistiú mar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais nó, i gcás inar gá, le roghanna costas simplithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Ní fhéadfar cistiú a sholáthar i bhfoirm aisíocaíocht costais incháilithe iarbhír ach amháin i gcás nach féidir cuspóirí gníomhaíochta a bhaint amach ar shlí eile.

18. Chun críoch Airteagal 153(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfaidh an coiste meastóireachta a bheith comhdhéanta go páirteach nó go hiomlán de shaineolaithe seachtracha neamhspleácha.

19. Eintitis dhlítheanacha phoiblí, agus institiúidí agus eagraíochtaí i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus spóirt a bhfuil os cionn 50 % dá n-ioncam bliantúil faighte acu ó fhoinsí poiblí le 2 bhliain anuas, measfar go bhfuil an acmhainneacht airgeadais agus oibríochtúil is gá acu chun gníomhaíochtaí faoin gClár a chur i gcrích. Ní bheidh sé de cheangal orthu doiciméid eile a chur ar fáil chun an acmhainneacht sin a léiriú.

CAIBIDIL V

RANNPHÁIRTÍOCHT SA CHLÁR

Airteagal 13

Tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár

1. Féadfar rannpháirtithe sa Chlár a dhéanamh de na tríú tíortha seo a leanas trí chomhlachas iomlán nó páirteach, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 agus i gcomhréir leis na comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha nó le haon chinneadh arna ghlacadh faoi chuimsiú na gcomhaontuithe sin agus is infheidhme maidir le:

   (a) comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, chomh maith le micreastáit Eorpacha;

   (b) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha;

   (c) tíortha Bheartas Comharsanachta na hEorpa;

   (d) tríú tíortha eile.

20. Leis na comhaontuithe comhlachais maidir le rannpháirtíocht sa Chlár, déanfar an méid seo a leanas:

   (a) áiritheofar cothromaíocht chóir a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír atá rannpháirteach sa Chlár;

   (b) coinníollacha a leagan síos maidir le rannpháirtíocht sna cláir, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais, arb é atá iontu ranníocaíocht oibríochtúil agus táille rannpháirtíochta, le clár agus a chostais riaracháin ghinearálta;

   (c) ní thabharfar aon chumhacht chinnteoireachta sa Chlár don tríú tír;

   (d) ráthófar cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint;

   (e) i gcás inarb ábhartha, áiritheofar cosaint leasanna slándála agus oird phoiblí an Aontais.

   Chun críocha phointe (d) , deonóidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá a cheanglaítear faoi Rialacháin (AE, Euratom) 2024/2509 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, agus ráthóidh sí go mbeidh cinntí forfheidhmiúcháin lena bhforchuirtear oibleagáid airgid ar bhonn Airteagal 299 CFAE, chomh maith le breithiúnais agus orduithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, infhorfheidhmithe.

Airteagal 14

Incháilitheacht

1. Socrófar critéir incháilitheachta chun tacú le baint amach na gcuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

21. I nósanna imeachta dámhachtana faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach, féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na heintitis dhlítheanacha seo a leanas a bheith incháilithe chun cistiú a fháil ón Aontas:

    (a) eintitis atá bunaithe i mBallstát;

    (b) eintitis atá bunaithe i dtríú tír chomhlachaithe;

    (c) eagraíochtaí idirnáisiúnta;

    (d) eintitis eile atá bunaithe i dtríú tíortha neamhchomhlachaithe i gcás ina bhfuil cistiú na n-eintiteas sin fíor-riachtanach chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme agus ina rannchuidíonn sé leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3.

22. I dteannta Airteagal 168(2) agus (3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfaidh tríú tíortha comhlachaithe dá dtagraítear in Airteagal 13(1), i gcás inarb ábhartha, a bheith rannpháirteach in aon sásra soláthair a leagtar amach in Airteagal 168(2) agus (3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus tairbhe a bhaint astu. Cuirfear na rialacha is infheidhme maidir leis na Ballstáit i bhfeidhm, *mutatis mutandis*, maidir le tríú tíortha comhlachaithe rannpháirteacha.

23. Nósanna imeachta dámhachtana a dhéanann difear don tslándáil nó don ord poiblí, go háirithe nósanna imeachta dámhachtana a bhaineann le sócmhainní agus leasanna straitéiseacha an Aontais nó a Bhallstát, déanfar iad a shrianadh i gcomhréir le hAirteagal 136 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

24. Sa chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 nó sna doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana, féadfar na critéir incháilitheachta a leagtar amach sa Rialachán seo a shonrú a thuilleadh nó critéir incháilitheachta bhreise a leagan síos le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha.

CAIBIDIL VI

CLÁRSCEIDEALÚ

Airteagal 15

Clár oibre

Is le cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a chuirfear an Clár chun feidhme.

CAIBIDIL VII

CUMARSÁID AGUS SCAIPEADH

Airteagal 16

Faisnéis, cumarsáid agus scaipeadh

1. I gcomhar leis an gCoimisiún, déanfaidh na gníomhaireachtaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 19 straitéis chomhsheasmhach cumarsáide a fhorbairt maidir le for-rochtain éifeachtach agus maidir le scaipeadh agus saothrú thorthaí na ngníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoi na gníomhaíochtaí ar a ndéanann siad bainistiú laistigh den Chlár. Tacóidh na húdaráis náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 18 leis na gníomhaireachtaí náisiúnta leas a bhaint as torthaí tionscadal a bhféadfadh tionchar mór a bheith acu.

25. Tabharfaidh na gníomhaireachtaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 19 cúnamh don Choimisiún ina chúram ginearálta maidir le faisnéis faoin gClár a scaipeadh, lena n-áirítear faisnéis i dtaca le gníomhartha agus gníomhaíochtaí arna mbainistiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus i dtaca lena thorthaí. Cuirfidh gníomhaireachtaí náisiúnta na spriocghrúpaí ábhartha ar an eolas faoi na gníomhartha agus na gníomhaíochtaí a dhéantar ina dtíortha féin.

26. Cuirfear na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Feidhmíocht] lena mbunaítear na rialacha maidir le rianú caiteachais agus creat feidhmíochta an bhuiséid, lena n-áirítear na rialacha is infheidhme maidir le gach clár de chuid an Aontais maidir le hoibleagáidí faisnéise, cumarsáide agus infheictheachta, lena n-áirítear go háirithe oibleagáidí ar thairbhithe agus ar chomhpháirtithe cur chun feidhme.

CAIBIDIL VIII

CÓRAS BAINISTÍOCHTA AGUS INIÚCHÓIREACHTA

Airteagal 17

Socruithe maidir le bainistíocht indíreach ar an leibhéal náisiúnta

1. I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 157(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, chun an Clár a chur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach, is gá údarás náisiúnta agus gníomhaireacht náisiúnta a ainmniú, mar a shonraítear in Airteagail 18 agus 19.

2. Measfar gur comhlachtaí cur chun feidhme iad an t-údarás náisiúnta agus an ghníomhaireacht náisiúnta araon faoi phointe (c) d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais a mhéid atá siad freagrach as cúraimí chur chun feidhme an bhuiséid mar a comhaontaíodh leis an gCoimisiún, agus is é an t-údarás náisiúnta a choinníonn an phríomhfhreagracht i leith an Choimisiúin as cur chun feidhme foriomlán chistí an Aontais ag an ngníomhaireacht náisiúnta a ainmníonn sé agus a ndéanann sé maoirseacht air dá dtagraítear in Airteagal 18(10).

Airteagal 18

Údarás náisiúnta

1. Cuirfidh na Ballstáit agus na tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár in iúl don Choimisiún, trína mBuanionadaíocht nó trína Misean chuig an Aontas Eorpach, faoin gcomhlacht dlí phoiblí arna ainmniú mar an t-údarás náisiúnta chun críocha an Rialacháin seo, agus faoin duine nó na daoine atá údaraithe go dlíthiúil le gníomhú thar a cheann.

27. Ainmneoidh an t-údarás náisiúnta gníomhaireacht náisiúnta le haghaidh thréimhse an Chláir agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi sin. Ní dhéanfaidh an t-údarás náisiúnta aireacht a ainmniú mar ghníomhaireacht náisiúnta agus beidh an ghníomhaireacht náisiúnta scartha ó thaobh eagraíochta de ón údarás náisiúnta.

28. Ainmneoidh an t-údarás náisiúnta comhlacht neamhspleách iniúchóireachta dá dtagraítear in Airteagal 21.

29. Cuirfidh an t-údarás náisiúnta measúnú *ex ante* iomhcuí ar fáil don Choimisiún go gcomhlíonann an ghníomhaireacht náisiúnta na híoscheanglais a leagtar amach in Airteagal 157(1) go (5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus ceanglais an Aontais i ndáil le caighdeáin rialaithe inmheánaigh do ghníomhaireachtaí náisiúnta agus rialacha le haghaidh bhainistiú chistí an Chláir.

Chun críocha na chéad fhomhíre, beidh feidhm ag na socruithe seo a leanas:

(a) maidir leis na nósanna imeachta a cheanglaíonn an Coimisiún go sonrach, lena n-áirítear a nósanna imeachta féin agus iad siúd a shonraítear sa Rialachán seo, ní dhéanfar aon mheasúnú *ex ante* i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 157(7) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509;

(b) maidir le nósanna imeachta seachas iad siúd a shonraítear i bpointe (a), déanfaidh an t-údarás náisiúnta measúnú *ex ante*, a bheidh bunaithe ar a rialuithe agus a iniúchtaí féin nó ar rialuithe agus iniúchtaí arna ndéanamh ag an gcomhlacht neamhspleách iniúchóireachta;

(c) i gcás inarb ionann an ghníomhaireacht náisiúnta atá ainmnithe don Chlár agus an ghníomhaireacht náisiúnta arna hainmniú i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888, beidh raon feidhme an mheasúnaithe *ex ante* teoranta do na ceanglais atá nua, mura bhfuil údar lena mhalairt.

30. I gcás ina ndiúltaíonn an Coimisiún d'ainmniú na gníomhaireachta náisiúnta bunaithe ar a meastóireacht ar an measúnú *ex ante*, nó mura gcomhlíonann an ghníomhaireacht náisiúnta na ceanglais íosta atá leagtha síos ag an gCoimisiún, áiritheoidh an t-údarás náisiúnta go nglacfar na céimeanna feabhais is gá chun comhlíonadh a áirithiú, faoi réir fhormheas an Choimisiúin, nó ainmneoidh sé comhlacht eile mar ghníomhaireacht náisiúnta. I gcásanna eisceachtúla ina scoirfidh gníomhaireacht náisiúnta d'oibriú nó de bheith ann agus ina ndéanfaidh an t-údarás náisiúnta féin cúraimí cur chun feidhme buiséid i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na comhaontuithe ábhartha faoin Rialachán seo, beidh díolúine aici ón measúnú *ex ante*.

31. Soláthróidh an t-údarás náisiúnta cómhaoiniú leormhaith, a bheidh coibhéiseach ar a laghad leis an ranníocaíocht dá dtagraítear in Airteagal 20(5), pointe (b), d'oibríochtaí a ghníomhaireachta náisiúnta lena áirithiú go ndéanfar an Clár a bhainistiú i gcomhréir le rialacha an Aontais is infheidhme.

32. Áiritheoidh an t-údarás náisiúnta go bhfuil údar maith le ceapadh na ndaoine atá freagrach as an ngníomhaireacht náisiúnta a bhainistiú de bharr chineál na gníomhaíochta, go leanann siad rialacha agus nósanna imeachta cothroma agus trédhearcacha agus nach n-eascraíonn coinbhleacht leasa astu. I gcás imní dháiríre maidir le comhlíonadh na bprionsabal sin, féadfaidh an Coimisiún diúltú don cheapachán molta agus iarraidh ar an údarás náisiúnta a áirithiú go ndéanfar an nós imeachta roghnúcháin arís.

33. Déanfaidh an t-údarás náisiúnta faireachán agus maoirseacht ar na cúraimí a chuirtear ar a ghníomhaireacht náisiúnta maidir le cur chun feidhme an bhuiséid. Cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas agus rachaidh sé i gcomhairle leis in am trátha sula nglacfaidh sé aon chinneadh a bhféadfadh tionchar nach beag a bheith aige ar bhainistiú an Chláir agus chistí an Chláir.

34. Gach bliain, cuirfidh an t-údarás náisiúnta tuarascáil ar fáil don Choimisiún maidir lena ghníomhaíochtaí faireacháin agus maoirseachta agus, i gcás inarb iomchuí, ráiteas maidir lena bhearta leantacha i ndáil le haon bharúlacha arna n-eisiúint ag an gCoimisiún mar fhreagairt ar an tuarascáil sin.

35. Glacfaidh an t-údarás náisiúnta agus coinneoidh sé freagracht as bainistiú cuí na gcistí ón Aontas a aistríonn an Coimisiún chuig an ngníomhaireacht náisiúnta i gcreat an Chláir.

36. I gcás aon neamhrialtacht, faillí nó calaoise atá inchurtha i leith na gníomhaireachta náisiúnta, nó i gcás easnaimh thromchúiseacha, dliteanais nó tearcfheidhmíochta ar thaobh na gníomhaireachta náisiúnta, i gcás ina n-eascraíonn éilimh ón gCoimisiún in aghaidh na gníomhaireachta náisiúnta as aon cheann de na cásanna sin, aisíocfaidh

an t-údarás náisiúnta an Coimisiún agus slánóidh sé an Coimisiún i leith na n-éileamh sin.

37. Sna himthosca dá dtagraítear i mír 11, féadfaidh an t-údarás náisiúnta, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ón gCoimisiún, sainordú na gníomhaireachta náisiúnta a chúlghairm. I gcás inar mian leis an údarás náisiúnta an sainordú sin a chúlghairm ar aon chúis eile a bhfuil údar cuí léi, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún laistigh de thréimhse réasúnach ama roimh an dáta a bhfuil sé beartaithe an sainordú a fhoirceannadh. Sna cásanna sin, comhaontóidh an t-údarás náisiúnta agus an Coimisiún go foirmiúil bearta idirthréimhseacha sonracha a bhfuil teorainn ama leo.

38. I gcás cúlghairm dá dtagraítear i mír 12, déanfaidh an t-údarás náisiúnta na rialuithe is gá maidir le cistí an Aontais a bhí curtha de chúram ar an ngníomhaireacht náisiúnta a bhfuil a sainordú cúlghairthe agus áiritheoidh sé go n-aistreofar na cistí sin agus na doiciméid agus na huirlisí bainistíochta uile a theastaíonn chun an Clár a bhainistiú go dtí an ghníomhaireacht náisiúnta nua ar bhealach rianúil. Soláthróidh an t-údarás náisiúnta an tacaíocht airgeadais is gá don ghníomhaireacht náisiúnta a bhfuil a sainordú cúlghairthe chun leanúint dá hoibleagáidí conarthacha maidir le tairbhithe an Chláir agus an Coimisiún a chomhlíonadh go dtí go n-aistreofar na hoibleagáidí sin go dtí gníomhaireacht náisiúnta nua. I gcás ina mbeidh idirthréimhse idir cúlghairm an tsainordaithe sin agus ainmniú gníomhaireachta náisiúnta nua faoi mar a ghlac an Coimisiún léi, beidh an t-údarás náisiúnta freagrach, le linn na tréimhse sin, as oibleagáidí uile na gníomhaireachta náisiúnta mar a leagtar amach sa Rialachán seo iad agus as a hoibleagáidí conarthacha uile atá gan comhlíonadh i leith thairbhithe an Chláir agus an Choimisiúin.

39. I gcás ina scoireann gníomhaireacht náisiúnta d’oibriú nó de bheith ann agus nach bhfuil aon ghníomhaireacht náisiúnta nua ainmnithe mar thoradh ar tharraingt siar tríú tír ón gClár, beidh an t-údarás náisiúnta freagrach go príomha as oibleagáidí uile na gníomhaireachta náisiúnta agus as comhlíonadh agus dúnadh na n-oibleagáidí conarthacha uile atá gan comhlíonadh i leith thairbhithe an Chláir agus an Choimisiúin.

40. Arna iarraidh sin don Choimisiún, ainmneoidh an t-údarás náisiúnta na hinstitiúidí nó na heagraíochtaí, nó cineálacha na n-institiúidí nó na n-eagraíochtaí sin atá incháilithe chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht de chuid an Chláir ina chríoch.

41. Déanfaidh an t-údarás náisiúnta sineirgí agus comhlántachtaí éifeachtacha le cistí nó cláir eile de chuid an Aontais, cistí nó cláir náisiúnta nó réigiúnacha a chur chun cinn agus a éascú.

42. Áiritheoidh an t-údarás náisiúnta go ndéanfar gach beart is gá agus is iomchuí chun deireadh a chur le haon bhacainní dlí agus riaracháin ar fheidhmiú cuí an Chláir, lena n-áirítear bearta atá dírithe ar stádas na rannpháirtithe sa Chlár a ailíniú le stádas náisiúnach eile sa chás céanna nó ar aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí maidir le víosaí nó ceadanna cónaithe a fháil.

Airteagal 19

An ghníomhaireacht náisiúnta

1. Maidir leis an ngníomhaireacht náisiúnta:

(a) beidh sí ina chomhlacht de réir bhrí Airteagal 62(1), pointe (c), (v) nó (vi) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus a bheith faoi rialú dhlí an Bhallstáit nó an tríú tír atá comhlachaithe leis an gClár lena mbaineann;

(b) beidh acmhainneacht bhainistíochta, foireann agus bonneagar leordhóthanach aici chun a cúraimí a chomhlíonadh go sásúil, lena n-áiritheofar bainistíocht éifeachtúil agus éifeachtach ar an gClár agus bainistíocht fhónta airgeadais ar chistí ón Aontas;

(c) beidh sé de chumas dlíthiúil agus oibríochtúil aici na rialacha bainistíochta riaracháin, conarthacha agus airgeadais atá leagtha síos ar leibhéal an Aontais a chur chun feidhme;

(d) beidh an saineolas is gá aici chun na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme go héifeachtach i ngach earnáil den Chlár a bhfaigheann sí ranníocaíocht ón Aontas ina leith;

(e) cuirfidh sí, má chuireann an Coimisiún ceangal uirthi, ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha ar fáil, arna n-eisiúint más féidir ag údarás poiblí, a chomhfhreagraíonn do leibhéal na gcistí ón Aontas a iarrtar uirthi a bhainistiú;

43. Déanfaidh an ghníomhaireacht náisiúnta a cúraimí a phleanáil go leormhaith chun na gníomhaíochtaí ábhartha a chur chun feidhme mar a leagtar amach sa chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 15 agus sna comhaontuithe ábhartha leis an gCoimisiún, agus le haghaidh na ngníomhaíochtaí faisnéise, cumarsáide agus scaipthe dá dtagraítear in Airteagal 16(2).

44. Déanfaidh an ghníomhaireacht náisiúnta gach céim de shaolré tionscadail ghníomhaíochtaí an Chláir atá faoina freagracht a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (c) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus leis na comhaontuithe ábhartha leis an gCoimisiún.

45. Eiseoidh an ghníomhaireacht náisiúnta tacaíocht do thairbhithe de réir bhrí Airteagal 2, pointe (5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 trí chomhaontú deontais de réir mar atá sonraithe ag an gCoimisiún don ghníomh Cláir lena mbaineann.

46. Ní dhéanfaidh an ghníomhaireacht náisiúnta aon chúram a bhaineann le cur chun feidhme an Chláir ná an bhuiséid a tugadh di a tharmligean do thríú páirtí gan cead i scríbhinn a fháil roimh ré ón údarás náisiúnta agus ón gCoimisiún. Is í an ghníomhaireacht náisiúnta amháin a bheidh freagrach as na cúraimí arna dtarmligean chuig tríú páirtí.

47. Soláthróidh an ghníomhaireacht náisiúnta gach bliain dá húdarás náisiúnta agus don Choimisiún dearbhú bainistíochta, tuarascáil agus aon doiciméad eile de réir mar a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 158 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

48. Cuirfidh an ghníomhaireacht náisiúnta na barúlacha arna n-eisiúint ag an gCoimisiún chun feidhme in am trátha tar éis dó anailís a dhéanamh ar an dearbhú bliantúil bainistíochta agus ar an tuarascáil agus ar an tuairim neamhspleách iniúchóireachta ina leith.

Airteagal 20

An Coimisiún Eorpach

1. Ar bhonn na gceanglas le haghaidh gníomhaireachtaí náisiúnta maidir le comhlíonadh dá dtagraítear in Airteagal 18(4), déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na córais náisiúnta bhainistíochta agus rialaithe, bunaithe ar mheasúnú *ex ante* arna sholáthar ag an údarás náisiúnta go háirithe, ar dhearbhú bliantúil bainistíochta na gníomhaireachta náisiúnta agus ar thuairim an chomhlachta neamhspleách iniúchóireachta ina leith, agus ar thuarascáil bhliantúil an údaráis náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 18(9).

49. Ar bhonn an mheasúnaithe *ex ante* dá dtagraítear in Airteagal 18(4), glacfaidh an Coimisiún le hainmniú na gníomhaireachta náisiúnta, sin nó glacfaidh sé leis go coinníollach nó diúltóidh sé dó. Ní dhéanfaidh an Coimisiún caidreamh conarthach leis an ngníomhaireacht náisiúnta go dtí go nglacfaidh sé leis an measúnú *ex ante* mar mheasúnú sásúil nó go dtí go ndéanfaidh sé bearta maoirseachta iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 157(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. I gcás ina nglactar leis go coinníollach, féadfaidh an Coimisiún bearta réamhchúraim comhréireacha a chur i bhfeidhm maidir lena ghaol conarthach leis an ngníomhaireacht náisiúnta. I gcás nach gcomhlíonann an ghníomhaireacht náisiúnta na híoscheanglais a thuilleadh, féadfaidh an Coimisiún a caidreamh conarthach leis an ngníomhaireacht náisiúnta a chur ar fionraí go dtí go ndéanfar gníomhaíocht feabhais chun comhlíonadh a áirithiú, agus mura ndéanfar sin féadfaidh sé iarraidh ar an údarás náisiúnta sainordú na gníomhaireachta náisiúnta a chúlghairm agus sainordú nua a ainmniú, faoi réir measúnú dearfach *ex ante*.

50. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis agus treoir iomchuí ar fáil do na húdaráis náisiúnta agus do na gníomhaireachtaí náisiúnta chun cur chun feidhme agus bainistiú comhsheasmhach ardcháilíochta an Chláir a áirithiú. Go sonrach, sonróidh sé socruithe pleanála, bainistithe tionscadal agus tuairiscithe agus áiritheoidh sé go leanfaidh na socruithe sin nósanna imeachta simplí.

51. Ní chuirfidh an Coimisiún cistí an Chláir ar fáil don ghníomhaireacht náisiúnta go dtí go mbeidh a doiciméid phleanála formheasta aige i gcomhréir le hAirteagal 19(2).

52. Cuirfidh an Coimisiún na cistí seo a leanas de chuid an Chláir ar fáil don ghníomhaireacht náisiúnta:

    (a) ranníocaíocht le haghaidh tacaíocht deontais do ghníomhaíochtaí an Chláir ar cuireadh de chúram ar an ngníomhaireacht náisiúnta iad a bhainistiú;

    (b) ranníocaíocht chun tacú le cúraimí bainistíochta na gníomhaireachta náisiúnta i leith an Chláir;

    (c) más ábhartha, ranníocaíocht bhreise le haghaidh gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7, pointí (a) agus (b).

53. Cuirfidh an Coimisiún toradh a anailíse agus a bharúlacha maidir leis an tuarascáil bhliantúil agus an dearbhú bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 18(9) agus in Airteagal 19(6) agus maidir leis an tuairim iniúchóireachta dá dtagraítear in Airteagal 21(2) in iúl don údarás náisiúnta agus don ghníomhaireacht náisiúnta.

54. I gcás nach nglacann an Coimisiún leis an dearbhú bliantúil bainistíochta nó leis an tuairim neamhspleách iniúchóireachta ina leith, nó i gcás ina gcuireann an

ghníomhaireacht náisiúnta barúlacha an Choimisiún chun feidhme go míshásúil, féadfaidh an Coimisiún aon bheart réamhchúraim agus ceartaitheacha is gá chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 132 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

55. Déanfaidh an Coimisiún idirphlé agus comhar gníomhach a spreagadh agus a chothabháil leis na gníomhaireachtaí náisiúnta agus leis na húdaráis náisiúnta agus eatarthu, lena n-áirítear malartú agus aistriú dea-chleachtais, d'fhonn cur chun feidhme agus bainistiú comhsheasmhach an Chláir a fheabhsú agus a áirithiú. Áiritheoidh sé freisin go mbeidh coinníollacha iomchuí i bhfeidhm chun faisnéis a mhalartú go héifeachtach idir institiúidí an Aontais, gníomhaireachtaí náisiúnta nó comhlachtaí agus eintitis eile a chuireann an Clár chun feidhme.

56. Cuirfidh an Coimisiún na córais teicneolaíochta faisnéise is gá ar fáil chun tacú le cur chun feidhme chuspóirí an Chláir a leagtar síos in Airteagal 3, lena n-áirítear le haghaidh bainistíocht indíreach.

Airteagal 21

Comhlacht neamhspleách iniúchóireachta

1. Maidir leis an gcomhlacht neamhspleách iniúchóireachta:

   (a) beidh an inniúlacht ghairmiúil is gá aige chun iniúchtaí san earnáil phoiblí a dhéanamh;

   (b) áiritheoidh sé go gcuirfear caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta san áireamh sna hiniúchtaí;

   (c) ní bheidh coinbhleacht leasa ag baint leis maidir leis an eintiteas dlítheanach a bhfuil an ghníomhaireacht náisiúnta mar chuid de; beidh an comhlacht neamhspleách iniúchóireachta go háirithe, i dtaca lena chuid feidhmeanna, neamhspleách ar an eintiteas dlítheanach a bhfuil an ghníomhaireacht náisiúnta mar chuid de.

2. Eiseoidh an comhlacht neamhspleách iniúchóireachta tuairim iniúchóireachta maidir leis an dearbhú bliantúil bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 158(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Is é sin a bheidh mar bhunús an dearbhaithe ar an iomlán de bhun Airteagal 127 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

3. Cuirfidh an comhlacht neamhspleách iniúchóireachta ar fáil don Choimisiún agus dá ionadaithe agus don Chúirt Iniúchóirí rochtain iomlán ar na doiciméid agus tuarascálacha uile a thacaíonn leis an tuairim iniúchóireachta a eisíonn sé maidir le dearbhú bliantúil bainistíochta na gníomhaireachta náisiúnta.

Airteagal 22

Prionsabail an chórais rialaithe

1. Beidh an Coimisiún freagrach as na rialuithe maoirseachta maidir le bearta agus gníomhaíochtaí an Chláir a bhainistíonn na gníomhaireachtaí náisiúnta. Socróidh an Coimisiún na híoscheanglais do na rialuithe arna ndéanamh ag an ngníomhaireacht náisiúnta agus ag an gcomhlacht neamhspleách iniúchóireachta.

57. Beidh an ghníomhaireacht náisiúnta freagrach as na rialuithe príomhúla ar thairbhithe deontais i gcomhair na ngníomhaíochtaí atá á mbainistiú aige mar a leagtar amach sna cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 15. Tabharfaidh na rialuithe sin urrús réasúnach go mbaintear úsáid as na deontais arna mbronnadh de réir mar a bhí beartaithe agus i gcomhlíonadh rialacha an Aontais is infheidhme.

58. Maidir le cistí an Chláir a aistrítear chuig na gníomhaireachtaí náisiúnta, áiritheoidh an Coimisiún comhordú cuí ar a rialuithe leis na húdaráis náisiúnta agus leis na gníomhaireachtaí náisiúnta, ar bhonn phrionsabal na hiniúchóireachta aonair agus tar éis anailís a dhéanamh bunaithe ar riosca.

CAIBIDIL IX

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 23

Aisghairm

Aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) Uimh. 2021/888 le héifeacht ón 1 Eanáir 2028.

Airteagal 24

Forálacha idirthréimhseacha

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúnachas ná do mhodhnú na ngníomhaíochtaí lena mbaineann, go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu, faoi Rialachán (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888.

59. Ina theannta sin, féadfaidh imchlúdach airgeadais an Chláir na costais theicniúla agus cúnaimh riaracháin is gá a chumhdach chun an t-aistriú idir an Clár agus na bearta arna nglacadh faoi Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888 a áirithiú.

60. Áiritheoidh na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta nach gcuirfear bac ar aistriú idir na gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoi Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888 agus na cinn atá le cur chun feidhme faoin gClár seo.

Airteagal 25

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2028.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH 3
1.1. Teideal an togra/tionscnaimh 3
1.2. Réimsí beartais lena mbaineann 3
1.3. Cuspóirí 3
1.3.1. Cuspóirí ginearálta 3
1.3.2. Cuspóirí sonracha 3
1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann 3
1.3.4. Táscairí feidhmíochta 3
1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: 4
1.5. Foras an togra/tionscnaimh 4
1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh 4
1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. 4
1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart 4
1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile 5
1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh 5
1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige 6
1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme 6
2. BEARTA BAINISTÍOCHTA 8
2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe 8
2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe 8
2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe 8
2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú 8
2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí

gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) 8
2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc 9
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH 10
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar 10
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe 12
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 12
3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 12
3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha 17
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 22
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin 24
3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 24
3.2.3.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha 24
3.2.3.3. Iomlán na leithreasuithe 24
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach 25
3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 25
3.2.4.2. Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha 26
3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach 26
3.2.5. Forbhreathnú ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha 28
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha 28
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe 28
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam 29
42 GNÉITHE DIGITEACHA 29
4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha 30
4.2. Sonraí 30
4.3. Réitigh dhigiteacha 31
4.4. Measúnú idir-inoibritheachta 31
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach 32

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár Erasmus+ don tréimhse 2028–2034

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Oideachas agus oiliúint, an Óige agus an Spórt

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Is é cuspóir ginearálta an Chláir rannchuidiú le hEoraip athléimneach, iomaíoch agus chomhtháite trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil ar ardchaighdeán a chur chun cinn, scileanna agus inniúlachtaí don saol agus do phoist do chách a fheabhsú, agus luachanna an Aontais, rannpháirtíocht dhaonlathach agus shochaíoch, dlúthpháirtíocht, cuimsiú sóisialta agus comhdheiseanna a chothú san Aontas agus níos faide i gcéin. Beidh an Clár ina phríomhionstraim chun Aontas na Scileanna a fhorbairt, chun an Limistéar Eorpach Oideachais a fhorbairt agus chun tacú le cur chun feidhme an chomhair straitéisigh Eorpaigh i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear a chláir oibre earnála bhunúsacha.

Leis an gClár, cuirfear an comhar maidir le beartas na hóige chun cinn agus déanfar an ghné Eorpach sa spórt a fhorbairt tuilleadh. Is é an cuspóir atá ann Eoraip níos cuimsithí, níos aontaithe agus níos láidre a chothú trí dhaoine óga a chumhachtú, naisc phobail a neartú, agus dlúthpháirtíocht a chur chun cinn trí rannpháirtíocht agus comhar fóinteach. Tá ról ríthábhachtach ag an spórt mar spreagadh don chuimsiú sóisialta, don tsláinte, don oideachas agus don fhorbairt pobail. Trí infheistíocht a dhéanamh san óige, san obair dheonach agus sa spórt, tá sé d'aidhm ag an gClár sochaithe níos láidre agus níos nasctha a thógáil, rannpháirtíocht shibhialta agus dhaonlathach a spreagadh, agus rannchuidiú le comhtháthú sóisialta ar gach leibhéal.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Tá na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an gClár:

(a) tacú le feabhas a chur ar an oideachas, ar scileanna agus ar inniúlachtaí agus aird ar leith á tabhairt ar a n-ábharthacht do mhargadh an tsaothair agus d'fhorbairt ghairmiúil agus d'fhás pearsanta an duine aonair agus don mhéid a chuireann siad le sochaí iomaíoch, inbhuanaithe agus chomhtháite;

(b) braistint féiniúlachta Eorpaí agus saoránachta gníomhaí a chothú, dlúthpháirtíocht agus rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí agus sa daonlathas a fheabhsú, tionchar dearfach ar an tsochaí, athléimneacht níos fearr agus ullmhacht níos fearr a spreagadh chun rioscaí de chineál éagsúil a thuar, a chosc agus freagairt dóibh;

(c) cáilíocht, cuimsiú, cothromas, inbhuanaitheacht, cruthaitheacht, nuálaíocht, barr feabhais agus comhar trasteorann a chothú, tarraingteacht agus iomaíochas na hEorpa a neartú ar fud an domhain, i ngach réimse den oideachas agus den oiliúint, den óige agus den spórt;

(d) dul i dteagmháil le daoine óga agus iad a chumhachtú chun inniúlachtaí gairmiúla agus pearsanta a shealbhú agus a fhorbairt, chun páirt

ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí agus sa daonlathas agus chun iad a nascadh leis an tionscadal Eorpach;

(e) tacú le forbairt beartas, lena n-áirítear le haghaidh cúrsaíocht scileanna, dlús a chur le hathchóirithe agus nuachóiriú ar leibhéal na gcóras, ar fud réimsí uile an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt, lena n-áiritheofar go mbeidh siad níos éifeachtaí, níos athléimní agus níos cuimsithí;

(f) deiseanna atá inrochtana go héasca a chur ar fáil do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus daonnúla a spreagann athruithe dearfacha sochaíocha san Aontas agus níos faide i gcéin (tríd an gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil a chur ar bun), agus a n-inniúlachtaí á bhfeabhsú agus á mbailíochtú go cuí ag an am céanna, chomh maith lena rannpháirtíocht leanúnach mar shaoránaigh ghníomhacha a éascú;

(g) an tSamhail Eorpach Spóirt a chur chun cinn trí infheistíocht a dhéanamh i spórt an phobail, go háirithe gníomhaíochtaí deonacha, inrochtaineacht a áirithiú, rannpháirtíocht a chur chun cinn, sláine a chosaint, tacú le dea-rialachas, agus ról sóisialta, oideachais agus pobail an spóirt a threisiú, trí ghníomhaíochtaí lena ndírítear ar chóras spóirt atá cothrom, cuimsitheach agus inbhuanaithe a fhorbairt ar fud na hEorpa.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

- Scileanna agus inniúlachtaí feabhsaithe do phoist agus don saol, do rannpháirtithe
- Cáilíocht, cuimsiú, inbhuanaitheacht, nuálaíocht, barr feabhais agus comhar trasteorann na n-eagraíochtaí oideachais agus oiliúna, óige agus spóirt a mhéadú
- Dlús a chur le hathchóirithe agus nuachóiriú ar leibhéal an chórais
- Rannpháirtíocht ghníomhach mhéadaithe, dlúthpháirtíocht fheabhsaithe agus muintearas Eorpach i measc na rannpháirtithe

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Comhfhreagróidh na táscairí aschuir agus toraidh chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar a bhfuil bainte amach ag an gClár seo do na táscairí coiteanna dá bhforáiltear faoi Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Feidhmíocht].

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[56]

[56] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

☒síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

Is é is aidhm don Chlár deiseanna foghlama a chur ar fáil do chách, go háirithe i bhfoirm soghluaisteachta foghlama, saorálaíochta agus scoláirí a rannchuideoidh le scileanna agus príomhinniúlachtaí a fheabhsú do chách, don saol agus do phoist, agus rannpháirtíocht shochaíoch agus oideachas sibhialta, dlúthpháirtíocht agus cuimsiú sóisialta á gcur chun cinn. Bunaítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil leis an gClár freisin. Tacóidh an Clár freisin le fothú acmhainneachta, trí chomhar idir páirtithe leasmhara ar leibhéal eagrúchán agus forbairtí beartais d'fhonn rannchuidiú le foghlaim ar feadh an tsaoil ar ardchaighdeán, cuimsiú, barr feabhais agus nuáil i dtaobh oideachas, oiliúna, óige agus spóirt a chothú.

Faoi réir theacht i bhfeidhm a bhunghnímh, tá an Clár beartaithe le bheith curtha chun feidhme ón 1 Eanáir 2028, ar feadh tréimhse 7 mbliana.

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.

Cé go bhfanann Ballstáit freagrach as inneachar agus as eagrú a gcuid beartas sna réimsí lena mbaineann, tá na dúshláin a sainaithníodh coiteann do na Ballstáit uile agus/nó tá gné thrasnáisiúnta mhór ag baint leo, rud a éilíonn go dtabharfar aghaidh go héifeachtach ar réitigh ar leibhéal an Aontais, ar chomhordú agus ar thacaíocht. Is féidir le gníomhaíochtaí an Aontais comhar, fothú acmhainneachta agus foghlaim fhrithpháirteach, chomh maith le gníomhaíochtaí trasteorann a éascú, agus barrfheabhas a chur ar acmhainneacht na n-earnálacha lena mbaineann ar deireadh, lena n-áirítear i ngníomhaíochtaí seachtracha an Aontais.

Is é is aidhm don Chlár feabhas a chur ar shoghluaisteacht thrasnáisiúnta agus ar chomhar fothaithe acmhainneachta, chomh maith le tacú le forbairtí beartais a bhfuil gné Eorpach ag baint leo. Mar sin féin, mar gheall ar chineál trasnáisiúnta, líon ard agus raon feidhme geografach leathan na ngníomhaíochtaí a dtacaítear leo, chomh maith leis an ngné láidir idirnáisiúnta a bhaineann leo, ní féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a bhaint amach go leordhóthanach agus iad ag gníomhú ina n-aonair. Mar shampla, tá soghluaisteacht foghlama trasteorann nó obair dheonach níos casta le heagrú ar bhonn déthaobhach, agus is deacair do Bhallstáit aonair í a chur ar fáil do chách. Léiríodh i meastóireacht mheántéarma Erasmus+ nach bhfuil an scála ná an méid is gá ag tionscnaimh aonair de chuid eagraíochtaí oideachais agus oiliúna, eagraíochtaí óige agus spóirt nó na mBallstát, cé go bhfuil siad éifeachtach ar an leibhéal náisiúnta, chun tionchar uile-Eorpach a bhaint amach. Thairis sin, tá cumhdach carnach na dtionscnamh tíre aonair agus trasearnála teoranta i gcónaí i gcomparáid leis an gclár Erasmus+ atá ann faoi láthair. Ar an gcaoi chéanna, deimhnítear sa mheastóireacht ar an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach go bhfuil ról

ríthábhachtach ag an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus, i roinnt tíortha, gurb é an t-aon rogha mhalartach é le haghaidh saorálaíocht agus dlúthpháirtíocht na hóige.

Thairis sin, trí raon feidhme an Chláir a leathnú chun gníomhaíochtaí saorálaíochta a chumhdach, lena n-áirítear obair dheonach chun tacú le hoibríochtaí cabhrach daonnúla, cuirfidh Erasmus+ pointe iontrála aonair ar fáil do dheiseanna an Aontais le haghaidh daoine óga ar fud an Aontais, lena n-áirítear ceantair thuaithe agus iargúlta, agus thar lear. Faoi láthair, níl rochtain orthu sin ach trí scéimeanna ar leith. Dá bhrí sin, cinnteoidh Erasmus+ go mbeidh comhdheiseanna ag gach duine óg ar fud an Aontais a bhfuil suim acu ann ar réimse níos leithne gníomhaíochtaí, agus go mbeidh rochtain níos éasca acu orthu. Déanann an Clár an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil a bhunú freisin, ar oibleagáid de chuid an Chonartha é.

Sa chomhairliúchán poiblí oscailte a rinne an Coimisiún le haghaidh an CAI nua, d'aithin freagróirí go forleathan an breisluach a bhaineann le cistiú ón Aontas sna réimsí beartais a chumhdaítear leis an gClár, agus leag formhór mór acu béim ar a thábhachtaí atá sé.

Rannchuideoidh an Clár le leibhéal na mbunscileanna a ardú agus le líon na ngairmithe oilte a mhéadú, lena n-áirítear i bpríomhearnálacha straitéiseacha, ar mhaithe le hiomaíochas an Aontais. Cuideoidh sé le daoine tréitheacha a chothú, a mhealladh agus a choinneáil, lena n-áirítear daoine tréitheacha ó thríú tíortha. Trí shaineolas agus acmhainní a chomhthiomsú, trí fhothú acmhainneachta agus comhar trasnáisiúnta a fhaigheann tacaíocht ón gClár, cothófar nuálaíocht, méadófar teagasc ardcháilíochta agus cuideofar le dul i ngleic le ganntanais scileanna agus tallainne na hEorpa i bpríomhearnálacha agus i bpríomhchríocha, lena n-áirítear i réimse ETIM agus an dá aistriú, rud a fhágfaidh go mbeidh an Eoraip ina ceann scríbe oideachais níos tarraingtí do dhaoine tréitheacha ar fud an domhain.

Tabharfaidh an tionscnamh daoine ó chúlraí éagsúla agus ó thíortha éagsúla le chéile agus tacóidh sé leo páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí saorálaíochta, rud a chuirfidh ar a gcumas taithí a fháil ar thréimhse thar lear, lena n-éascófar tuiscint idirchultúrtha, lena gcothófar féiniúlacht chomhchoiteann agus meas ar luachanna amhail an daonlathas, an tsaoirse agus cearta an duine. Mar shampla, sna meastóireachtaí meántéarma ar Erasmus+ agus ar an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, leagtar béim ar an tionchar nach beag atá acu ar fhéiniúlacht agus muintearas Eorpach a chothú, ar fheasacht a mhúscailt faoi luachanna coiteanna an Aontais agus, i gcás Erasmus+, ar eolas a fhorbairt don lánpháirtiú Eorpach. Trí chruthú agus tógáil líonraí fadtéarmacha daoine aonair agus eagraíochtaí a chumasú, leis an gClár beifear in ann féiniúlacht Eorpach agus luachanna an Aontais a fhréamhú.

Leis an gClár, cothófar forbairt, aistriú agus cur chun feidhme cleachtas nuálach ardcháilíochta san oideachas, san oiliúint, san óige agus sa spórt, agus méadófar cumas na n-eagraíochtaí oibriú go trasnáisiúnta. Tacóidh an Clár le comhar treisithe leis an earnáil phríobháideach agus le héiceachórais nuálaíochta, agus giaráil á déanamh ar infheistíochtaí i scileanna atá ríthábhachtach d'iomaíochas, d'athléimneacht, d'ullmhacht agus do chomhtháthú sóisialta an Aontais. Cuirfidh sé dlús freisin le dul chun cinn beartais agus le tionchar sistéamach, go háirithe trí ghníomhú mar bhinse tástála le haghaidh cineálacha cur chuige a spreagfaidh scéimeanna náisiúnta/réigiúnacha ina dhiaidh sin. Trí chrostoirchiú idir tíortha a chothú, cuideoidh an Clár leis na Ballstáit dul chun cinn a dhéanamh agus a gcórais agus a mbeartais a nuachóiriú.

Thairis sin, áireofar sa Chlár gníomhaíochtaí chun rochtain ar ghníomhaithe beaga a leathnú, tacú le formáidí solúbtha agus tairseach a chur ar fáil d'eagraíochtaí pobail agus do nuatheachtaithe chun rochtain a fháil ar chistí an Aontais agus chun taithí a fháil ar chomhar trasnáisiúnta. Beidh gné láidir cuimsithe agus éagsúlachta ag baint leis freisin agus tacóidh sé le forbairt scileanna do phoist agus don saol, go háirithe dóibh siúd ar lú na deiseanna atá acu.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Baineann an togra leas as taithí sheanbhunaithe na gclár roimhe seo i réimse an oideachais agus na hoiliúna, na hóige, an spóirt agus na hoibre deonaí.

Léirítear i meastóireachtaí meántéarma Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh go soláthraíonn an dá chlár breisluach Eorpach láidir do dhaoine aonair, d'eagraíochtaí agus do bheartais, lena n-áirítear ina ghné idirnáisiúnta, toradh nach féidir a mheaitseáil ar an leibhéal náisiúnta amháin.

Fuarthas amach sa mheastóireacht deiridh ar chlár 2014–2020 agus sa mheastóireacht eatramhach ar chlár 2021–2027 go bhfeidhmíonn Erasmus+ go láidir ar fud na bpríomhchritéar meastóireachta agus go gcomhlíonann sé a chuspóirí go héifeachtach. D'éirigh go maith leis an dá ghlúin den Chlár breisluach láidir Eorpach a chur ar fáil, agus ról lárnach acu i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt. Sáraíonn Erasmus+ go mór an méid a d'fhéadfadh tíortha aonair a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal idirnáisiúnta. Eascraíonn na tairbhí a bhaineann leis as na deiseanna a chuireann sé ar fáil d'fhorbairt phearsanta, oideachasúil agus ghairmiúil foghlaimeoirí agus ball foirne, do chomhar trasteorann eagraíochtaí agus d'fhorbairt beartais i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt, rud atá go mór chun tairbhe na ndaoine a ghlacann páirt sa chlár i gcomparáid leo siúd nach nglacann páirt ann.

Fuarthas amach sa mheastóireacht deiridh ar chlár 2018–2020 agus sa mheastóireacht eatramhach ar chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh 2021–2027[57] go bhfeidhmíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach go maith ar fud na gcúig critéar meastóireachta (ábharthacht, éifeachtúlacht, éifeachtacht, comhleanúnachas, breisluach AE). Tugann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach aghaidh ar riachtanais ríthábhachtacha na sochaí Eorpaí, go háirithe maidir le rannpháirtíocht shibhialta a chothú agus cuimsiú agus éagsúlacht a chur chun cinn. Leis an gclár, cothaítear muintearas, athbheoitear tionscnaimh áitiúla agus cuirtear dearcadh domhanda níos leithne chun cinn. Rannchuidíonn rannpháirtíocht le scileanna feabhsaithe pearsanta, gairmiúla agus staidéir agus le feasacht shóisialta agus shibhialta.

San am céanna, léiríonn an dá mheastóireacht roinnt réimsí feabhais ó thaobh dearaidh de. Áirítear orthu sin raon feidhme na gclár a leathnú, rochtain a éascú, bainistiú a shimpliú, faireachán a fheabhsú, sineirgí a neartú agus forluí le cláir eile a sheachaint, agus solúbthacht a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua. Mar shampla, fuarthas amach sa mheastóireacht ar Erasmus+ go raibh forluí éigin ann idir gníomhaíochtaí Erasmus+ maidir le Rannpháirtíocht na hÓige agus tionscadail Dlúthpháirtíochta a maoiníodh faoin gCór, ar tionscadail iad araon a thacaíonn le tionscnaimh faoi stiúir na hóige arna reáchtáil ag grúpaí neamhfhoirmiúla daoine óga.

[57] COM(2025) 144 críochnaitheach, SWD(2025) 75, 1.4.2025

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Tá an Clár ar cheann de na hionstraimí cistiúcháin faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2028–2034 agus tá ardleibhéal comhleanúnachais agus comhlántachta aige le príomhthosaíochtaí agus scéimeanna cistiúcháin eile de chuid an Aontais.

Leis an gClár, comhlánófar agus treiseofar gníomhaíochtaí a mhaoinítear trí ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais, chun tallann dhomhanda a mhealladh agus a choinneáil, tionchar agus tarraingteacht an Aontais ar an leibhéal domhanda a fheabhsú, agus rannchuidiú le hullmhacht tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha, lena n-áirítear trí theagmhálacha duine le duine agus comhar le tríú tíortha a chur chun cinn.

Tá comhlántacht nach beag idir an Clár agus a chomhar trasnáisiúnta arna éascú le bainistíocht dhíreach agus indíreach agus na hidirghabhálacha atá saincheaptha go náisiúnta agus go réigiúnach a dtacaíonn clúdaigh náisiúnta leo. Go deimhin, leis an gcuid thrasnáisiúnta atá faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach, soláthraítear foghlaim chomhroinnte, líonrú agus comhthiomsú acmhainní i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt, lena dtacaítear le cleachtais teagaisc ardcháilíochta, líonrú agus nuachóiriú a fhorbairt, nach féidir a bhaint amach trí idirghabhálacha náisiúnta amháin, agus tacaíonn na buiséid náisiúnta réamh-leithdháilte go háirithe le hidirghabhálacha struchtúracha leathana chun aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí socheacnamaíocha agus críochacha, lena n-áirítear ceantair thuaithe agus iargúlta, amhail bonneagar oideachais agus oiliúna, trealamh agus seirbhísí a sholáthar, tacú le huas-sciliú grúpaí faoi mhíbhuntáiste, nó fostaíocht agus fiontraíocht a chur chun cinn trí oiliúint agus athchóirithe a thionscnamh.

Tá naisc láidre idir Erasmus+ agus an Ciste Eorpach um Iomaíochas agus tá gá le sineirgí chun deireadh a chur leis na bacainní idir oideachas, taighde agus nuálaíocht agus margadh an tsaothair (agus go pointe áirithe foghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta) chun tairbhe deiridh an iomaíochais. Mar shampla, rannchuidíonn an t-oideachas le taighde agus nuálaíocht a fhorbairt agus cumasaíonn sé aistriú eolais agus teicneolaíochta ón saol acadúil go dtí an tionscal agus an gnó agus, dá bhrí sin, is féidir leis tacú freisin le straitéisí um speisialtóireacht chliste. D'fhéadfaí uas-scálú agus aistriú cleachtas rathúil ó réimse an oideachais go réimse an taighde nó an tionscail a éascú trí fhorálacha dlíthiúla agus sásraí cur chun feidhme lena n-áirithítear sreabhadh eolais i measc earnálacha a bhfuil idirnaisc shoiléire acu.

I gcomhréir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um Ullmhacht, cuireann Erasmus+ chun cinn freisin ullmhacht, athléimneacht, rannpháirtíocht sa saol daonlathach agus rannpháirtíocht shibhialta trí chur chuige ón mbun aníos, lena spreagtar eagraíochtaí agus institiúidí chun iarratas a dhéanamh ar chistiú agus chun litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin, smaointeoireacht chriticiúil, rannpháirtíocht, foghlaim saoránachta daonlathaí a chothú. Tá an obair dheonach ríthábhachtach freisin chun cultúr na hullmhachta cuimsithí agus na hathléimneachta sa tsochaí a chothú. Tá an Clár ailínithe go dlúth agus comhlántach freisin le hionstraim an Aontais a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt ar chearta bunúsacha agus ar an daonlathas, ar na meáin agus ar an gcultúr.

Cé go dtacaítear leis na cláir seo go léir le hionstraimí ar leith, agus modhanna oibre neamhspleácha ag gabháil leo, is féidir an t-idirghníomh idir loighicí idighabhála éagsúla, modhanna bainistíochta agus ailtireacht éifeachtaí cóineasaithe a ghiniúint.

Dá réir sin, lorgófar sineirgí aon áit a bhfuil siad indéanta agus cothóidh siad tuilleadh breisluacha.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Ní bhaineann le hábhar

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

- Tréimhse theoranta
- I bhfeidhm ón 1/1/2028 go dtí an 31/12/2034
- Tionchar airgeadais ó 2028 go 2034 do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó 2028 go 2034 do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme[58]

- **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

  ✓ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

  ✓ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

- **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

  ✓ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)

– ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

  ✓ comhlachtaí dlí poiblí

  ✓ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha

– ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

– ☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar

[58] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx.

ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

Cuirfear an Clár chun feidhme trí mheascán de mhodhanna bainistíochta díreacha agus indíreacha, cur chuige ar éirigh leis i gCreataí Airgeadais Ilbhliantúil roimhe seo agus a dearbhaíodh le meastóireacht mheántéarma Erasmus+ mar phríomhthoisc in éifeachtúlacht an Chláir.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Leanfaidh rialacha faireacháin, tuairiscithe agus meastóireachta an Chláir seo na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Feidhmíocht].

Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil cur chun feidhme don chlár Erasmus+ a bheidh ann amach anseo tráth nach déanaí ná 4 bliana tar éis thús a chur chun feidhme, chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir lena gcuspóirí a bhaint amach.

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht shiarghabhálach i gcomhréir le hAirteagal 34(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 3 bliana ar a dhéanaí tar éis chlárthréimhse an chláir Erasmus+ a bheidh ann amach anseo.

